RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1648 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Lúnasa 2023

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí páipéir mhín bhrataithe áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Imscrúduithe a rinneadh roimhe seo agus bearta atá i bhfeidhm

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 451/2011 ([2]), d'fhorchuir an Chomhairle dleachtanna frithdhumpála ar allmhairí páipéir mhín bhrataithe áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín' nó 'an tír lena mbaineann') ('na bearta bunaidh'). An t-imscrúdú ar forchuireadh na bearta bunaidh mar thoradh air, gairfear 'an t-imscrúdú bunaidh' anseo feasta dó.

(2) I ndiaidh imscrúdú frith-fhóirdheontais, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 452/2011 ([3]), d'fhorchuir an Chomhairle dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí páipéir mhín bhrataithe áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

(3) Bhí na bearta frithdhumpála i bhfoirm ráta dleachta *ad valorem* ó 8 % go 35,1 % le haghaidh allmhairí ó onnmhaireoirí arna n-ainmniú ina n-aonar, agus bhí ráta dleachta iarmharach 27,1 % ar fud na tíre le haghaidh gach onnmhaireora eile.

(4) I ndiaidh athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([4]) ('an bun-Rialachán'), an 3 Iúil 2017, d'ath-fhorchuir an Chomhairle na bearta frithdhumpála cinntitheacha maidir le hallmhairí páipéir mhín bhrataithe áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne le Rialachán (AE) Uimh. 2017/1188 ([5]), ('an t-athbhreithniú éaga roimhe seo').

(5) Tá na dleachta frithdhumpála atá i bhfeidhm faoi láthair ag rátaí idir 8 % agus 35,1 % ar allmhairí ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, agus tá ráta dleachta 27,1 % ar gach cuideachta eile ón tSín.

([1]) IO L176, 30.6.2016, lch. 21.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 451/2011 ón gComhairle an 6 Bealtaine 2011 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí páipéir mhín bhrataithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 128, 14.5.2011, lch. 1).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 452/2011 ón gComhairle an 6 Bealtaine 2011 lena bhforchuirtear dleacht frith-fhóirdheontais chinntitheach ar allmhairí páipéir mhín bhrataithe de thionscnamh Dhaon- Phoblacht na Síne (IO L 128, 14.5.2011, lch. 18).

([4]) Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad, IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

([5]) Uimh. 2017/1188 an 3 Iúil 2017 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí páipéir mhín bhrataithe áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

1.2. **Iarraidh ar athbhreithniú éaga**

(6) I ndiaidh foilsiú fógra maidir le dul in éag atá le tarlú ([6]) do na bearta frithchúitimh atá i bhfeidhm maidir le hallmhairí páipéir mhín bhrataithe áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, fuair an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') iarraidh chun athbhreithniú éaga a thionscnamh de bhun Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán. Ba iad Artach Paper Grycksbo AB, Burgo Group SpA, Fedrigoni SpA, Lecta Group agus Sappi Europe SA ('na hiarratasóirí') a chuir an iarraidh ar athbhreithniú isteach an 31 Márta 2022 thar ceann thionscal an Aontais a dhéanann páipéar mín brataithe áirithe de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán.

(7) Bhí an iarraidh ar athbhreithniú bunaithe ar na forais gur dhócha go leanfar den dumpáil nó go dtarlóidh sí arís agus go leanfar den díobháil nó go dtarlóidh sí arís don tionscal de chuid an Aontais mar thoradh ar dhul in éag na mbeart.

1.3. **Athbhreithniú éaga a thionscnamh**

(8) Tar éis don Choimisiún a chinneadh, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán, gur leor an fhianaise a bhí ann chun athbhreithniú éaga a thionscnamh, thionscain sé athbhreithniú éaga, an 30 Meitheamh 2022, maidir le teacht isteach san Aontas na n-allmhairí páipéir mhín bhrataithe de tionscnamh na Síne, ar bhonn Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé Fógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([7]) ('an Fógra Tionscnaimh').

1.4. **Imscrúdú ar leithligh ar dhleacht frith-fhóirdheontais**

(9) Le fógra a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* an 30 Meitheamh 2022, d'fhógair an Coimisiún freisin go gcuirfí tús le hathbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (CE) Uimh. 597/2009 ([8]) ón gComhairle maidir leis na bearta frithchúitimh cinntitheacha atá i bhfeidhm i ndáil le hallmhairí páipéir mhín bhrataithe áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne a thagann isteach san Aontas.

1.5. **Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(10) An t-imscrúdú ar an dóchúlacht go leanfar den dumpáil nó go dtarlóidh sí arís, is imscrúdú é inar cumhdaíodh an tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021 ('tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe' nó 'RIP'). An t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar an dóchúlacht go leanfar den díobháil nó go dtarlóidh sí arís, is imscrúdú é ina gcumhdaítear an tréimhse ón 1 Eanáir 2018 go dtí deireadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ('an tréimhse faoi bhreathnú').

1.6. **Páirtithe leasmhara**

(11) San Fhógra Tionscnaimh, iarradh ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún chun páirt a ghlacadh san imscrúdú. Sa bhreis air sin, chuir an Coimisiún an t-iarratasóir ar an eolas go sonrach, chomh maith le táirgeoirí aitheanta eile de chuid an Aontais, do tháirgeoirí onnmhairiúcháin, d'allmhaireoirí agus d'úsáideoirí san Aontas arb eol iad a bheith bainteach chomh maith le húdaráis na Síne gur tionscnaíodh an t-athbhreithniú éaga agus d'iarr sé orthu páirt a ghlacadh ann.

(12) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt faoi thionscnamh an athbhreithnithe éaga agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála.

1.7. **Sampláil**

(13) San Fhógra Tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

([6]) IO C 280, 25.8.2015, lch. 7.

([7]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2616

([8]) Rialachán (CE) Uimh. 597/2009 ón gComhairle an 11 Meitheamh 2009 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad (IO L 188, 18.7.2009, lch. 93). Códaíodh an Rialachán seo le Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad (IO L 176, 30.6.2016, lch. 55).

(a) Sampláil ar tháirgeoirí Aontais

(14) San Fhógra Tionscnaimh maidir leis an imscrúdú ar an athbhreithniú éaga, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí ón Aontas roghnaithe go sealadach aige. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún an sampla bunaithe ar an ionadaíochas i gcomhthéacs mhéid táirgeachta agus dhíolacháin an táirge chomhchosúil san Aontas idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2021. 3 tháirgeoir de chuid an Aontais a bhí sa sampla sin. Bhí thart ar 41 % de mhéid iomlán measta na táirgeachta agus 37 % de dhíolacháin mheasta an táirge chomhchosúil san Aontas ag táirgeoirí sampláilte an Aontais. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt faoin sampla sealadach. Ní bhfuarthas aon bharúil, agus deimhníodh an sampla sealadach dá bhrí sin. Tá an sampla ionadaíoch do thionscal an Aontais.

(b) Sampláil na n-allmhaireoirí neamhghaolmhara

(15) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, má bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhghaolmhara an fhaisnéis a sonraíodh san Fhógra Tionscnaimh maidir leis an imscrúdú ar athbhreithniú éaga a sholáthar.

(16) Níor tháinig aon allmhaireoir neamhghaolmhar chun tosaigh chun an fhaisnéis a iarradh a sholáthar.

(c) Sampláil na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin in DPS

(17) San Fhógra Tionscnaimh maidir leis an imscrúdú ar an athbhreithniú éaga, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé táirgeoirí onnmhairiúcháin a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán.

(18) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, má bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta sa tSín an fhaisnéis a shonraítear san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Níor tháinig aon táirgeoir onnmhairiúcháin chun tosaigh, áfach, chun an fhaisnéis a iarradh a sholáthar.

(19) Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean na Síne chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile a shainaithint agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh, ar táirgeoirí iad a bhféadfadh suim a bheith acu i bpáirt a ghlacadh san imscrúdú. Níor tugadh aon fhreagra áfach.

1.8. **Ceistneoirí, freagraí ar na ceistneoirí**

(20) Chuir an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne ('Rialtas na Síne') maidir le saobhadh suntasach a bheith sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a) (b) den bhun-Rialachán. Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir.

(21) Sheol an Coimisiún ceistneoirí chuig na trí tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais. Tráth an tionscnaimh, cuireadh na ceistneoirí céanna ar fáil ar líne ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála ([9]). Ina theannta sin, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig na hiarratasóirí maidir le sonraí maicreacnamaíocha. Cuireadh ceistneoirí ar fáil freisin d'allmhaireoirí agus d'úsáideoirí neamhghaolmhara ar an suíomh gréasáin céanna sin de chuid Ard-Stiúrthóireacht na Trádála ([10]).

(22) Fuarthas freagraí ar an gceistneoir ó na trí tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais. Ina theannta sin, sholáthair na hiarratasóirí sonraí maicreacnamaíocha don Choimisiún. Níor sholáthair na táirgeoirí onnmhairiúcháin freagra ar an gceistneoir. Ní bhfuarthas aon fhreagra ó aon cheann de na hallmhaireoirí neamhghaolmhara. Níor sholáthair aon duine de na húsáideoirí freagraí ar na ceistneoirí.

(23) Toisc nár chomhoibrigh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne ná Rialtas na Síne, rinneadh na cinntí maidir le dumpáil agus díobháil ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil de bhun Airteagal 18 den bhun-Rialachán. Cuireadh misean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach ar an eolas dá réir sin. Ní bhfuarthas aon bharúil.

([9]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2616
([10]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2616

1.9. **Cuairteanna fíorúcháin**

(24) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil nó go dtarlóidh sí arís agus go leanfar den díobháil nó go dtarlóidh sí arís agus ar mhaithe le leas an Aontais.

(25) Is in áitribh na gcuideachtaí a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:

— Táirgeoirí an Aontais

— Sappi Europe SA, an Bhruiséil, an Bheilg thar ceann Sappi Gratkorn GmbH (an Ostair ([11]))

— Burgo Group S.p.A. (An Iodáil)

— Condat SAS (cuid de Ghrúpa Lecta) (An Fhrainc)

1.10. **Nochtadh**

(26) An 14 Meitheamh 2023, nocht an Coimisiún na fíorais bhuriachtanacha agus na breithnithe bunriachtanacha ar ar a mbonn a bhfuil sé beartaithe aige na dleachtanna frithdhumpála a choinneáil i bhfeidhm. Deonaíodh tréimhse do na páirtithe uile ina bhféadfaidís a gcuid barúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh.

(27) Bhreithnigh an Coimisiún na barúlacha a thug na páirtithe leasmhara agus cuireadh san áireamh iad, i gcás inarb iomchuí. Deonaíodh éisteacht do na páirtithe a d'iarr amhlaidh.

2. **AN TÁIRGE FAOI ATHBHREITHNIÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL**

2.1. **Táirge atá faoi athbhreithniú**

(28) Is ionann an táirge faoi athbhreithniú agus an táirge san imscrúdú bunaidh agus san athbhreithniú éaga roimhe sin, is é sin páipéar mín brataithe áirithe ('CFP'), ar páipéar nó páipéarchlár é atá brataithe ar thaobh amháin nó ar an dá thaobh (gan craftpháipéar nó craft-pháipéarchlár a áireamh), ar leathán nó ar rollaí, agus atá 70 g/m2 nó níos mó ach nach mó ná 400 g/m2 ar meáchan agus ag a bhfuil gile níos mó ná 84 (arna thomhas de réir ISO 2470-1).

(29) Ní áirítear an méid seo a leanas ar an táirge faoi athbhreithniú:

— Rollaí atá oiriúnach lena n-úsáid i gclóphreasanna spólchothaithe. Déantar rollaí atá oiriúnach lena n-úsáid i gclóphreasanna spólchothaithe a shainmhíniú mar na rollaí sin, má dhéantar tástáil orthu de réir chaighdeán tástála ISO 3783:2006 maidir le friotaíocht le piocadh a chinneadh — modh luais luathaithe ag baint úsáid as an tástálaí IGT (samhail leictreach), lena dtugtar toradh níos lú ná 30 N/m nuair atá sé á thomhas i dtrastreo an pháipéir (CD) agus toradh níos lú ná 50 N/m nuair atá sé á thomhas i dtreo an mheaisín (MD).

— Páipéar ilsrathach agus cairtchlár ilsrathach.

2.2. **An táirge lena mbaineann**

(30) Is é an táirge atá i gceist leis an imscrúdú ar an athbhreithniú éaga an táirge de thionscnamh na Síne atá faoi réir na gcód ex 4810 13 00, ex 4810 14 00, ex 4810 19 00, ex 4810 22 00, ex 4810 29 30, ex 4810 29 80, ex 4810 99 10 agus ex 4810 99 80 (cóid TARIC 4810 13 00 20, 4810 14 00 20, 4810 19 00 20, 4810 22 00 20, 4810 29 30 20, 4810 29 80 20, 4810 99 10 20 agus 4810 99 80 20).

2.3. **Táirge comhchosúil**

(31) Mar a suíodh san imscrúdú bunaidh, chomh maith leis an athbhreithniú éaga roimhe sin, deimhníodh leis an athbhreithniú éaga seo gurb iad na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna, chomh maith leis na húsáidí bunúsacha céanna, atá ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol ag na táirgeoirí ollmhairiúcháin ar mhargadh intíre na Síne;

([11]) Cé gurb é san Ostair a dhéantar an táirgeadh, tá ceanncheathrú an ghrúpa lonnaithe sa Bhruiséil, an Bheilg. Tharla an chuairt fíorúcháin ag an gceanncheathrú.

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol ag an táirgeoir roghnaithe sa Bhrasaíl, a úsáideadh mar thír ionadaíoch;

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin leis an gcuid eile den domhan; agus

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

(32) Chinn an Coimisiún go meastar, dá bhrí sin, gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

3. AN DÓCHÚLACHT GO LEANFAR DEN DUMPÁIL NÓ GO dTARLÓIDH SÍ ARÍS

3.1. Réamhbharúlacha

(33) I gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún arbh éard ba dhócha go leanfaí den dumpáil ón tSín nó go dtarlódh sí arís de bharr dhul in éag na mbeart atá i bhfeidhm.

(34) Mar a luaitear in aithris (23), níor chomhoibrigh aon onnmhaireoir/táirgeoir ón tSín san imscrúdú ar an athbhreithniú éaga. Mar gheall air sin, agus mar sin, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán, bhí na torthaí maidir leis an dóchúlacht go leanfar leis an dumpáil nó go dtarlóidh sí arís, bunaithe ar na fíorais a bhí ar fáil, go háirithe an fhaisnéis san iarraidh ar athbhreithniú agus ar shonraí staidrimh ó Eurostat, ón Atlas Trádála Domhanda ('GTA') ([12]), ó Institiúid Tíreolaíochta agus Staidrimh na Brasaíle ([13]), ó Aireacht Mianach ([14]) agus Fuinnimh na Brasaíle agus an fhaisnéis atá ar fáil go poiblí ó shuíomh gréasáin oifigiúil na cuideachta Sylvamo Ltda sa Bhrasaíl ([15]).

3.2. Dumpáil allmhairí le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe

(35) Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, léirítear sna sonraí staidrimh gur lú ná 200 tona iad allmhairí CFP ón tSín isteach san Aontas. Chinn an Coimisiún nach raibh na cainníochtaí sin ionadaíoch, toisc nach raibh i gceist leo ach 1 % d'allmhairí iomlána an táirge lena mbaineann isteach san Aontas. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí aon anailís fhiúntach a dhéanamh ar an dumpáil a bhí bunaithe ar allmhairí na Síne chuig an Aontas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Dá bhrí sin, díríodh san imscrúdú ar an dóchúlacht go dtarlóidh an dumpáil arís.

3.3. Gnáthluach

3.3.1. *An nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán le haghaidh allmhairí den táirge faoi athbhreithniú ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad*

(36) Maidir leis an tSín, i bhfianaise na fianaise leordhóthanaí a bhí ar fáil nuair a tionscnaíodh an t-imscrúdú ar an athbhreithniú éaga chun a thaispeáint gurbh ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a), pointe (b) den bhun-Rialachán, thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú ar bhonn Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(37) D'fhonn an fhaisnéis riachtanach a fháil dá imscrúdú maidir leis an saobhadh suntasach a líomhnaíodh, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne. Ina theannta sin, san Fhógra Tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar gach páirtí leasmhar a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán laistigh de 37 lá ó dháta fhoilsiú an Fhógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne agus ní bhfuarthas aon aighneacht ó pháirtithe leasmhara maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

([12]) http://www.gtis.com/gta/secure/default.cfm

([13]) https://www.ibge.gov.br/estatisticas/economicas/industria/9042-pesquisa-industrial-anual.html?=&t=destaques

([14]) Aireacht Mianach agus Fuinnimh na Brasaíle (Boletim mensal de energia 2021) https://www.gov.br/mme/pt-br/assuntos/secretarias/petroleo-gas-natural-e-biocombustiveis/publicacoes-1/boletim-mensal-de-acompanhamento-da-industria-de-gas-natural/2021/12-boletim-de-acompanhamento-da-industria-de-gas-natural-dezembro-de-2021.pdf

([15]) Sylvamo 2021-Annual-Report.pdf

(38) Shonraigh an Coimisiún freisin i bpointe 5.3.2 den Fhógra Tionscnaimh, i bhfianaise na fianaise a bhí ar fáil, go raibh an Indinéis roghnaithe go sealadach aige mar thír ionadaíoch iomchuí de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán chun críche an gnáthluach a chinneadh bunaithe ar phraghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, d'aistrigh an Indinéis ó thír ard-mheánioncaim go tír ísealioncaim ([16]). Dá bhrí sin, shonraigh an Coimisiún go scrúdódh sé tíortha eile a d'fhéadfadh a bheith iomchuí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 2(6a), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán.

(39) An 20 Feabhra 2023, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas le Nóta maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh, agus gurbh í an Bhrasaíl an tír ionadaíoch. Chuir sé na páirtithe leasmhara ar an eolas freisin go suífeadh sé costais díola, ghinearálta agus riaracháin ('costais SGA') agus na brabúis ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil don chuideachta Sylvamo Ltda., táirgeoir Brasaíleach sa tír ionadaíoch. Ní bhfuarthas tuairimí ach ó na hiarratasóirí agus pléitear iad i roinn 3.3.4 thíos.

(40) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, *'i gcás ina gcinntear […] nach bhfuil sé iomchuí praghsanna intíre agus costais a úsáid sa tír is onnmhaireoir i ngeall go bhfuil saobhadh suntasach sa tír sin de réir bhrí phointe (b), déanfar an gnáthluach a ríomh go heisiach ar bhonn na gcostas táirgeachta agus díolachán ina léirítear praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa,* agus *'áireofar leis méid neamhshaofa agus réasúnta de chostais riaracháin, díolacháin agus costais ghinearálta agus i gcomhair brabús'* ('costais SGA' a thugtar anseo feasta ar 'costais riaracháin, díolacháin agus costais ghinearálta').

(41) Mar a mhínítear thíos freisin, ba é conclúid an Choimisiúin san imscrúdú seo, bunaithe ar an bhfianaise a bhí ar fáil agus ag féachaint don éagmais comhoibriú ó Rialtas na Síne agus ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin, gurbh iomchuí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

3.3.2. *Saobhadh suntasach a bheith ann*

3.3.2.1. Réamhrá

(42) In Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán sainmhínítear gurb é atá i 'saobhadh suntasach an saobhadh sin a tharlaíonn nuair nach torthaí ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad na praghsanna ná na costais a tuairiscíodh, lena n-áirítear costais amhábhar agus fuinnimh, toisc go bhfuil tionchar ag idirghabháil shubstainteach rialtais orthu'. Agus measúnú á dhéanamh an ann do shaobhadh suntasach, tabharfar aird, *inter alia*, ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:

— an margadh atá i gceist a bheith á chothú go suntasach ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, smacht, maoirseacht bheartais nó stiúir údaráis na tíre is onnmhaireoir;

— An stát a bheith i láthair i gcuideachtaí lena gcumasaítear don stát cur isteach i leith praghsanna nó costas;

— beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthróirí intíre nó lena n-imrítear tionchar seachas sin ar fhórsaí an mhargaidh shaoir;

— maidir leis na dlíthe féimheachta, corparáideacha, nó maoine, easnamh a bheith ann ina leith, nó iad a chur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó iad a fhorfheidhmiú go neamhleor;

— saobhadh a bheith á dhéanamh ar chostais phá;

— rochtain ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an stát ar shlí eile.'

(43) Ós rud é nach carnach an liosta in Airteagal (2(6a)(b) den bhun-Rialachán, ní gá aird a thabhairt ar na gnéithe uile chun a chinneadh gur ann do shaobhadh suntasach. Thairis sin, féadfar na himthosca fíorasacha céanna a úsáid chun a thaispeáint gur ann do cheann amháin nó níos mó de na gnéithe ar an liosta. Mar sin féin, ní mór aon chonclúid maidir le saobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) a dhéanamh ar bhonn na fianaise go léir atá ar fáil. D'fhéadfaí go gcuirfí san áireamh sa measúnú foriomlán ar shaobhadh a bheith ann freisin comhthéacs ginearálta agus an cás sa tír is onnmhaireoir, go háirithe i gcás ina soláthraítear leis na gnéithe bunúsacha de shocrúchán eacnamaíoch agus riaracháin na tíre is onnmhaireoir cumhachtaí substainteacha don rialtas chun idirghabháil a dhéanamh sa gheilleagar ar bhealach a fhágfaidh nach torthaí ar fhorbairt shaor fhórsaí an mhargaidh iad na praghsanna ná na costais.

([16]) Aicmithe tíortha nua an Bhainc Dhomhanda de réir an leibhéil ioncaim: 2021-2022

(44) Foráiltear in Airteagal 2(6a)(c) den bhun-Rialachán *'[i] gcás ina bhfuil údar maith ag an gCoimisiún lena chreidiúint go bhféadfadh saobhadh suntasach dá dtagraítear i bpointe (b) a bheith i dtír ar leith nó in earnáil ar leith sa tír sin, agus i gcás inarb iomchuí chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil lena dtuairisceofar imthosca an mhargaidh dá dtagraítear i bpointe (b) sa tír sin nó san earnáil sin a ullmhú, a phoibliú agus a thabhairt cothrom le dáta*'.

(45) De bhun na forála sin, d'eisigh an Coimisiún tuarascáil de réir tíre maidir leis an tSín ('an Tuarascáil') ([17]), ina dtaispeántar gur ann d'idirghabháil shubstainteach rialtais ar go leor leibhéal den gheilleagar, lena n-áirítear saobhadh sonrach i gcuid mhaith príomhthosca táirgeachta (amhail talamh, fuinneamh, caipiteal, amhábhar agus saothar) chomh maith le hearnálacha sonracha (amhail cruach agus ceimiceáin). Cuireadh an Tuarascáil leis an gcomhad imscrúdaithe ag céim an tionscnaimh agus iarradh ar pháirtithe leasmhara an fhianaise a bhí sa chomhad imscrúdaithe tráth an tionscnaimh a fhrisnéis, barúil a thabhairt ina leith nó an fhianaise a fhorlíonadh.

(46) Tugadh le fios san iarraidh, agus tagairt á déanamh don Tuarascáil agus dá torthaí maidir le saobhadh margaidh, gur fíor na breithnithe sa Tuarascáil maidir le praghsáil agus leithdháileadh tosca táirgeachta, amhail talamh, fuinneamh, caipiteal agus ionchuir ábhartha a bhfuil tionchar ag an Stát orthu ar bhealach an-suntasach go háirithe d'earnáil CFP na Síne.

(47) Níor thug Rialtas na Síne barúil ná níor sholáthair sé fianaise lenar tacaíodh leis an bhfianaise sa cháschomhad faoi láthair nó lenar bréagnaíodh an fhianaise sin, lena n-áirítear an Tuarascáil agus an fhianaise bhreise a sholáthair an t-iarratasóir, maidir le saobhadh suntasach a bheith ann agus/nó maidir le chomh hiomchuí agus atá cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán sa chás atá i gceist, ná ní bhfuair an Coimisiún barúlacha ar bith ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne.

(48) Scrúdaigh an Coimisiún cé acu a bhí nó nach raibh sé iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid i nDaon-Phoblacht na Síne, i ngeall gur ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a) phointe (b) den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún é sin ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil ar an gcomhad, lena n-áirítear an fhianaise a bhí sa Tuarascáil, a bhíonn ag brath ar fhoinsí atá ar fáil go poiblí. Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substainteacha rialtais i ngeilleagar na Síne go ginearálta, ach cumhdaíodh freisin inti an staid shonrach an mhargaidh san earnáil ábhartha lena n-áirítear an táirge faoi athbhreithniú. Chuir an Coimisiún leis na gnéithe fianaiseacha sin a thuilleadh lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dheimhniú gur ann do shaobhadh suntasach sa tSín.

3.3.2.2. Saobhadh suntasach a dhéanann difear do phraghsanna agus do chostais intíre sa tSín

(49) Tá córas eacnamaíoch na Síne bunaithe ar an gcoincheap 'geilleagar an mhargaidh shóisialaigh'. Cumhdaítear an coincheap sin i mBunreacht na Síne agus cinntear rialachas eacnamaíoch na Síne leis. Is é an croíphrionsabal *'úinéireacht phoiblí shóisialach ar na modhanna táirgthe, mar atá, úinéireacht an phobail uile agus comhúinéireacht ag an lucht oibre*'. Is é an geilleagar faoi úinéireacht an Stáit *'fórsa ceannasach an gheilleagair náisiúnta' agus tá sainordú ag an Stát maidir le 'comhdhlúthú agus fás an gheilleagair a áirithiú*' ([18]). Dá dhroim sin, ní hamháin go bhfágann socrúchán foriomlán gheilleagar na Síne gur féidir idirghabhálacha substainteacha rialtais a dhéanamh sa gheilleagar, ach déantar idirghabhálacha den sórt sin a shainordú go sainráite. Tá an coincheap maidir le ceannas na húinéireachta poiblí ar an duine príobháideach fada fairsing ar fud an chórais dhlíthiúil fhoriomláin agus cuirtear béim air mar phrionsabal ginearálta i ngach píosa lárnach reachtaíochta. Sampla maith de sin is ea dlí maoine na Síne: tagraíonn sé do phríomhchéim an tsóisialachais agus cuirtear ar iontaoibh an Stáit leis seasamh leis an gcóras eacnamaíoch bunúsach faoina bhfuil ról ceannasach ag an úinéireacht phoiblí. Glactar le foirmeacha eile úinéireachta, agus tugtar cead dóibh de réir dlí forbairt taobh le taobh leis an úinéireacht Stáit ([19]).

(50) Ina theannta sin, faoi dhlí na Síne, forbraítear an geilleagar margaidh shóisialaigh faoi cheannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne. Tá struchtúir Stát na Síne agus Pháirtí Cumannach na Síne fite fuaite ina chéile ar gach leibhéal (dlíthiúil, institiúideach, pearsanta), rud lena gcruthaítear forstruchtúr nach féidir róil an Pháirtí agus an Stáit a idirdhealú ó chéile ann. Tar éis leasú a dhéanamh ar Bhunreacht na Síne i mí an Mhárta 2018, tugadh níos mó tábhachta fós do ról ceannasach Pháirtí Cumannach na Síne trína athdhearbhú i dtéacs Airteagal 1 den Bhunreacht. Tar éis na chéad abairte atá cheana féin san fhoráil: '[i]s é an córas sóisialach córas bunúsach na Síne' cuireadh an dara habairt nua isteach ina léitear: '[i]s é gné shainithe an tsóisialachais le saintréithe Síneacha ná ceannaireacht

([17]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críocha Imscrúduithe Cosanta Trádála, an 20 Nollaig 2017, SWD 483 final/2.

([18]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 6-7.

([19]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 10.

Pháirtí Cumannach na Síne.' ([20]) Léirítear leis sin smacht an Pháirtí Chumannaigh ar chóras eacnamaíoch na Síne, smacht nach gcuirtear ceist ina leith agus atá ag fás de shíor. Gné dhílis de chóras na Síne is ea an cheannaireacht agus an smacht sin agus gabhann siad thar mar a bhíonn de ghnáth i dtíortha eile ina mbíonn smacht maicreacnamaíoch ginearálta ag na rialtais laistigh de na teorainneacha a mbíonn fórsaí an mhargaidh shaoir ag feidhmiú laistigh díobh.

(51) Déanann Stát na Síne idirghabháil i leith beartas eacnamaíoch de bhun spriocanna, a thagann leis an gclár oibre polaitiúil arna leagan síos ag Páirtí Cumannach na Síne in ionad a bheith ag léiriú na ndálaí eacnamaíocha atá i réim i margadh saor ([21]). Tá an iliomad uirlisí eacnamaíocha idirghabhálacha in úsáid ag údaráis na Síne, lena n-áirítear an córas a bhaineann le pleanáil thionsclaíoch, an córas airgeadais agus le leibhéal na timpeallachta rialála.

(52) Ar an gcéad dul síos, ar an leibhéal maidir le smacht riaracháin foriomlán, rialaítear treo gheilleagar na Síne trí chóras casta pleanála tionsclaíche a dhéanann difear do na gníomhaíochtaí eacnamaíocha uile laistigh den tír. Cumhdaíonn iomláine na bpleananna sin maitrís chuimsitheach agus chasta earnálacha agus beartais trasearnála agus tá siad i láthair ar gach leibhéal den rialtas. Bíonn na pleananna ar leibhéal na gcúigí mionsonraithe agus leagtar spriocanna níos leithne síos sna pleananna náisiúnta. Sonraítear sna pleananna freisin na bealaí a úsáidtear chun tacú leis na tionscail/hearnálacha ábhartha chomh maith leis na tréimhsí ama ina gcaitear na cuspóirí a bhaint amach. Tá spriocanna follasacha aschuir i roinnt pleananna i gcónaí. Faoi na pleananna, tá aird ar leith á tabhairt ar earnálacha tionsclaíocha aonair agus/nó ar thionscadail mar thosaíochtaí (dearfacha nó diúltacha) i gcomhréir le tosaíochtaí rialtais agus déantar spriocanna forbartha sonracha (uasghrádú tionsclaíoch, fairsingiú idirnáisiúnta etc.) a shannadh dóibh. Ní mór do na hoibreoirí eacnamaíocha, idir chinn phríobháideacha agus chinn faoi úinéireacht an Stáit araon, a ngníomhaíochtaí gnó a choigeartú go héifeachtach de réir an mhéid a fhorchuirtear leis an gcóras pleanála i ndáiríre. Ní hamháin go bhfuil sé sin fíor mar gheall ar chineál ceangailteach na bpleananna ach freisin toisc go gcloíonn údaráis ábhartha na Síne ar gach leibhéal den rialtas leis an gcóras pleananna agus toisc go n-úsáideann siad a gcumhachtaí dílse dá réir sin, rud lena gcuirtear faoi deara dá bhrí sin do na hoibreoirí eacnamaíocha na tosaíochtaí a leagtar amach sna pleananna a chomhlíonadh (féach freisin Roinn 3.3.2.5 thíos) ([22]).

(53) Ar an dara dul síos, ar an leibhéal a ndéantar acmhainní airgeadais a leithdháileadh, tá an lámh in uachtar ag na bainc thráchtála faoi úinéireacht an Stáit agus ag na bainc bheartais ar chóras airgeadais na Síne. Ní mór do na bainc sin, le linn dóibh a mbeartas iasachtaithe a bhunú agus a chur chun feidhme, iad féin a ailíniú leis na cuspóirí i mbeartas tionsclaíoch an rialtais seachas measúnú a dhéanamh go príomha ar fhiúntais eacnamaíocha tionscadail ar leith (féach freisin i Roinn 3.3.2.8 thíos) ([23]). Tá sin fíor freisin maidir leis na codanna eile de chóras airgeadais na Síne, amhail na stocmhargaí, na margaí bannaí, na margaí cothromais phríobháideacha, etc. Chomh maith leis sin, tá na codanna sin den earnáil airgeadais bunaithe ar bhonn institiúide agus oibríochta ar bhealach nach bhfuil giaráilte chun an leas is mó agus is féidir a bhaint as feidhmiú éifeachtúil na margaí airgeadais ach bhfuil giaráilte chun a áirithiú go bhfuil smacht ag an Stát agus ag Páirtí Cumannach na Síne agus gur féidir leo idirghabháil a dhéanamh ([24]).

(54) Ar an tríú dul síos, maidir le leibhéal na timpeallachta rialála, tá roinnt foirmeacha ag baint le hidirghabhálacha an Stáit sa gheilleagar. Mar shampla, úsáidtear na rialacha maidir le soláthar poiblí go tráthrialta in iarracht spriocanna beartais seachas éifeachtúlacht eacnamaíoch a bhaint amach, rud dá réir sin a bhaineann an bonn de na prionsabail mhargadhbhunaithe sa réimse. Foráiltear go sonrach sa reachtaíocht is infheidhme go ndéanfar an soláthar poiblí d'fhonn baint amach na spriocanna arna gceapadh trí bheartais an Stáit a éascú. Mar sin féin, níl an cineál spriocanna atá i gceist sainithe go fóill, rud a fhágann dá bhrí sin corrlach breithmheasa ag na comhlachtaí cinnteoireachta ([25]). Ar an gcaoi chéanna, i réimse na hinfheistíochta, coinníonn Rialtas na Síne smacht suntasach agus imríonn sé tionchar ar cheann scríbe agus ar mhéid na hinfheistíochta Stáit agus na hinfheistíochta príobháidí araon. Úsáideann na húdaráis scagadh infheistíochta chomh maith le dreasachtaí, srianta, agus coisc éagsúla a bhaineann le hinfheistiú mar uirlis thábhachtach chun tacaíocht a thabhairt do spriocanna an bheartais thionsclaíoch, amhail smacht an Stáit a choimeád ar phríomh-earnálacha nó borradh a chur faoin tionscal intíre ([26]).

(55) Mar sin, tá samhail eacnamaíoch na Síne bunaithe ar aicsímí bunúsacha áirithe, lena ndéantar foráil maidir leis an iliomad idirghabhálacha rialtais agus a spreagann iad. Tagann idirghabhálacha substainteacha rialtais den sórt sin salach ar shaor-imoibriú fhórsaí an mhargaidh, agus déantar leithdháileadh éifeachtach acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh a shaobhadh dá bharr sin ([27]).

([20]) Le fáil ag: Bunreacht Dhaon-Phoblacht na Síne (npc.gov.cn) (arna rochtain an 22 Márta 2023).
([21]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 20-21.
([22]) Tuarascáil – Caibidil 3- 41, 73, 74.
([23]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 120-121.
([24]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 122-135.
([25]) Tuarascáil – Caibidil 7, lgh. 167-168.
([26]) Tuarascáil – Caibidil 8, lgh. 169-170, 200-201.
([27]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 15-16, Tuarascáil – Caibidil 4, lch. 50, lch. 84, Tuarascáil – Caibidil 5, lgh. 108-9.

3.3.2.3. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán: an margadh atá i gceist a bheith á chothú go suntasach ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, smacht, maoirseacht bheartais nó stiúir údaráis na tíre is onnmhaireoir

(56) Sa tSín, tá fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht agus/nó faoi mhaoirseacht beartais nó faoi threoraíocht an Stáit ina gcuid fhíor-riachtanach den gheilleagar.

(57) Cé gur cosúil nach bhfuil an leibhéal úinéireachta Stáit suntasach i dtionscal an pháipéir bhrataithe, tá scairsheilbh fós ag Rialtas na Síne i roinnt táirgeoirí, mar shampla san fhiontar déanta páipéir is mó sa tSín, Shandong Chenming Paper Holding ([28]). Go deimhin, tá Chenming Paper Holding i seilbh Chenming Holdings (15,2 %) atá i seilbh (45,2 %) ansin ag an eintiteas faoi úinéireacht iomlán an stáit Shandong Shouguang Jinxin Investment Development Holding Group Co., Ltd ([29]). Ina theannta sin, ós rud é go bhfuil idirghabhálacha Pháirtí Cumannach na Síne maidir le cinnteoireacht oibríochtúil tagtha chun bheith ina ngnáthchleachtas i gcuideachtaí príobháideacha freisin ([30]), agus Páirtí Cumannach na Síne ag éileamh ceannaireachta ar bheagnach gach gné de gheilleagar na tíre, is é an toradh a bhíonn ar thionchar an Stáit trí struchtúir Pháirtí Cumannach na Síne laistigh de chuideachtaí go bhfuil oibreoirí eacnamaíocha, a bheag nó a mhór, faoi smacht agus faoi mhaoirseacht bheartais an rialtais, i bhfianaise an mhéid ar fhás struchtúir an Stáit agus na bPáirtithe le chéile sa tSín.

(58) Tá sé sin le feiceáil freisin ar leibhéal China Paper Association, comhlachas an tionscal earnála. De réir Airteagal 3 dá Airteagail Chomhlachais, cloíonn China Paper Association 'le ceannaireacht fhoriomlán Pháirtí Cumannach na Síne' agus 'glacann sé leis an treoir ghnó, leis an maoirseacht, leis an mbainistíocht ag na heintitis atá i gceannas ar chlárú, agus ceannaireacht forbartha páirtí agus ag na ranna riaracháin atá i gceannas ar an tionscal' ([31]).

(59) Mar sin, fiú táirgeoirí atá faoi úinéireacht phríobháideach in earnáil an táirge faoi athbhreithniú, cuirtear cosc orthu oibriú faoi dhálaí margaidh. Go deimhin, fiontair faoi úinéireacht phoiblí agus fiontair faoi úinéireacht phríobháideach araon, tá siad faoi réir maoirseacht agus treoir beartais mar a shonraítear i roinn 3.3.2.5 thíos.

3.3.2.4. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán: An stát a bheith i láthair i gcuideachtaí lena gcumasaítear don stát cur isteach i leith praghsanna nó costas

(60) Seachas smacht a chur i bhfeidhm ar an ngeilleagar trí bhíthin úinéireachta ar chuideachtaí faoi úinéireacht an Stáit agus uirlisí eile, tá sé ar chumas Rialtas na Síne cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais trí bhaint a bheith ag an Stát le gnólachtaí. Cé gur féidir a mheas gur léiriú ar na cearta úinéireachta comhfhreagracha é an ceart atá ag na húdaráis ábhartha Stáit príomhphearsanra bainistíochta i bhfiontair faoi úinéireacht stáit a cheapadh agus a chur as a bpost mar a fhoráiltear i reachtaíocht na Síne, tá tábhacht le cealla ([32]) PCS i bhfiontair, idir fhiontair faoi úinéireacht stáit agus fhiontair faoi úinéireacht phríobháideach, mar is féidir leis an Stát cur isteach ar chinntí gnó tríd na cealla sin. De réir dhlí cuideachtaí na Síne, bunófar eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne i ngach cuideachta (le triúr comhaltaí de chuid an Pháirtí ar a laghad mar a shonraítear i mBunreacht Pháirtí Cumannach na Síne ([33])) agus cuirfidh an chuideachta na coinníollacha is gá ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí eagraíocht an pháirtí. San am atá thart, is cosúil nár comhlíonadh an ceanglas sin i gcónaí nó nár cuireadh i bhfeidhm go docht é. Mar sin féin, ó bhí 2016 ann ar a laghad tá Páirtí Cumannach na Síne ag treisiú na maímh atá aige go bhfuil smacht aige ar chinntí gnó i bhfiontair atá faoi úinéireacht an stáit ar bhonn prionsabal polaitiúil ([34]), lena n-áirítear brú a chur ar chuideachtaí tús áite a thabhairt don 'tírghrá' agus cloí le disciplín an Pháirtí ([35]). In 2017, tuairiscíodh go raibh cealla den pháirtí in 70 % den 1,86 mhilliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh an brú ag méadú ar eagraíochtaí Pháirtí Cumannach na Síne an focal deiridh a bheith acu maidir leis na cinntí gnó laistigh dá gcuideachtaí faoi seach ([36]). Tá feidhm ghinearálta ag na rialacha sin ar fud gheilleagar na Síne, i ngach earnáil, lena n-áirítear maidir le táirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú agus soláthróirí a gcuid ionchur.

([28]) Le fáil ag: http://www.chinapaper.net/news/show-70464.html (arna rochtain an 22 Márta 2023).

([29]) Le fáil ag: https://aiqicha.baidu.com/company_detail_29610125830115 agus https://aiqicha.baidu.com/company_detail_79823144545100 (arna rochtain an 22 Márta 2023).

([30]) Féach, mar shampla Airteagal 33 de bhunreacht Pháirtí Cumannach na Síne, Airteagal 19 de dhlí cuideachtaí na Síne nó na Treoirlínte maidir le dlús a chur le hobair an Fhronta Aontaithe san earnáil phríobháideach don ré nua arna eisiúint ag Oifig Ghinearálta Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne in 2020.

([31]) Le fáil ag: http://www.chinappi.org/associ_rule.html (arna rochtain an 22 Márta 2023).

([32]) Tuarascáil – Caibidil 5, lgh. 100-1.

([33]) Tuarascáil – Caibidil 2, lch. 26

([34]) Féach mar shampla: Blanchette, J. - Xi's Gamble: *The Race to Consolidate Power and Stave off Disaster* [An Rás chun Cumhacht a Chomhdhlúthú agus chun Tubaiste a Chosc]; Foreign Affairs, eag. 100, uimh. 4, Iúil/Lúnasa 2021, lgh. 10-19.

([35]) Tuarascáil – Caibidil 2, lgh. 31-2.

([36]) Le fáil ag: https://www.reuters.com/article/us-china-congress-companies-idUSKCN1B40JU (arna rochtain an 22 Márta 2023).

(61) Ina theannta sin, an 15 Meán Fómhair 2020, eisíodh doiciméad dar teideal *General Office of CCP Central Committee's Guidelines on stepping up the United Front work in the private sector for the new era* [Treoirlínte ó Oifig Ghinearálta Choiste Lárnach Pháirtí Cumannach na Síne maidir le dlús a chur le hobair an Fhronta Aontaithe san earnáil phríobháideach don ré nua ('na Treoirlínte')] ([37]), rud a chuir le ról na gcoistí páirtí i bhfiontair phríobháideacha. Tá an méid seo a leanas i Roinn II.4 de na Treoirlínte: '[n]í mór dúinn acmhainneacht fhoriomlán an Pháirtí a mhéadú chun obair Fhronta Aontaithe na hearnála príobháidí a stiúradh agus dlús a chur le héifeachtacht na hoibre sa réimse sin'; agus i Roinn III.6 deirtear: '[n]í mór dúinn dlús a chur le tógáil an Pháirtí i bhfiontair phríobháideacha agus a chur ar chumas do chealla an Pháirtí a ról mar dhaingean a imirt go héifeachtach agus é a chur ar chumas do chomhaltaí an Pháirtí a ról a imirt mar urghardaí agus mar cheannródaithe.' Cuirtear béim sna Treoirlínte, mar sin, ar ról Pháirtí Cumannach na Síne agus féachtar ann le ról an Pháirtí a mhéadú in eagraíochtaí agus in eintitis na hearnála príobháidí ([38]).

(62) Deimhníodh san imscrúdú go bhfuil an forluí le feiceáil go forleathan idir seasaimh bhainistíochta agus comhaltas CCP/feidhmeanna Páirtí i dtionscal an pháipéir bhrataithe. Mar shampla, tá Cathaoirleach Bhord Stiúrthóirí Shandong Chenming Paper Group Co., Ltd. ina Rúnaí ar Choiste Páirtí an fhiontair an tráth céanna ([39]). In alt ar shuíomh gréasáin Shandong Chenming Paper tugadh breac-chuntas chomh maith ar thiomantas an ghrúpa do na cinntí a rinneadh le linn an 20ú Comhdháil Náisiúnta de chuid Pháirtí Cumannach na Síne a chur chun feidhme agus *'[chun] an coincheap nua ó thaobh na forbartha de a chur chun feidhme go hiomlán, go cruinn agus go cuimsitheach, díriú ar an bpríomhghnó, an tionscal a neartú, bheith tiomanta agus diongbháilte i gcónaí, agus éachtaí iontacha nua a bhaint amach ar an mbóthar chuig an nuachóiriú ar stíl na Síne*' ([40]). Le linn cruinnithe le Cathaoirleach Bhord Stiúrthóirí an Ghrúpa, dhearbhaigh Rúnaí Choiste an Pháirtí Bhardasaigh *'go gcoinneoidh Coiste an Pháirtí Bhardasaigh agus an Rialtas Bardasach ag bharrfheabhsú na timpeallachta gnó, […] ag comhordú agus ag réiteach na ndeacrachtaí agus na bhfadhbanna maidir le táirgeadh agus próisis oibríochtúla fiontar go tráthúil, agus ag tacú go hiomlán le Chenming maidir le táirgeadh a chobhsú agus a mhéadú chun forbairt níos fearr fós a bhaint amach*' ([41]).

(63) Chuir Cathaoirleach Bhord Stiúrthóirí an Ghrúpa *'a bhuíochas in iúl do Choiste an Pháirtí Bhardasaigh agus don Rialtas Bardasach as a dtacaíocht d'fhorbairt na cuideachta*' agus dhearbhaigh sé *'go dtapóidh an chuideachta deiseanna agus go gcomhoibreoidh sí go gníomhach le Coiste an Pháirtí Bhardasaigh agus leis an Rialtas Bardasach a mhéid a bhaineann le leagan amach agus forbairt an tionscail foraoiseachta*' ([42]). Is féidir rannpháirtíocht den sórt sin a dhearbhú freisin i gcuideachtaí eile i dtionscal an pháipéir bhrataithe. Dúirt Cathaoirleach Bhord Stiúrthóirí agus Bainisteoir Ginearálta Shandong Sun Paper Co., Ltd. mar shampla, arb é an Rúnaí ar Choiste an Pháirtí é freisin ([43]), *'Without the Party's reform and opening up policy, there would be nodevelopment of Sun Paper* [Gan athchóiriú agus polasaí um oscailt an Pháirtí, ní dhéanfaí aon fhorbairt ar Sun Paper]; *without the support of the Party and the government, there would be no glory of Sun Paper*' ([44]) [gan tacaíocht an Pháirtí agus an rialtais, ní bhainfeadh aon ghlóir le Sun Paper].

(64) Tá éifeachtaí saofa breise ag láithreacht agus ag idirghabháil an Stáit sna margaí airgeadais (féach freisin roinn 3.3.2.8 thíos) chomh maith le soláthar amhábhar agus ionchur ar an margadh ([45]). Dá réir sin, de bharr láithreacht an Stáit i ngnólachtaí, sa tionscal páipéir bhrataithe agus i dtionscail eile (amhail na tionscail airgeadais agus ionchuir), faigheann Rialtas na Síne deis cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais.

3.3.2.5. *Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an tríú fleasc den bhun-Rialachán: beartais phoiblí nó bearta poiblí lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar soláthróirí intíre nó lena n-imrítear tionchar ar shlí eile ar fhórsaí an mhargaidh shaoir*

(65) Déantar treo gheilleagar na Síne a chinneadh a bheag nó a mhór le córas mionléirithe pleanála ina leagtar amach tosaíochtaí agus lena bhforordaítear na spriocanna nach mór do na rialtais láir agus na rialtais áitiúla díriú orthu. Tá pleananna ábhartha ann ar gach leibhéal den rialtas agus cumhdaítear gach earnáil eacnamaíoch, nach mór. Tá na cuspóirí de chineál ceangailteach a leagtar síos leis na hionstraimí pleanála agus déanann na húdaráis ar gach leibhéal riaracháin faireachán ar chur chun feidhme na bpleananna ag an leibhéal comhfhreagrach is ísle den rialtas.

([37]) Le fáil ag: www.gov.cn/zhengce/2020-09/15/content_5543685.htm (arna rochtain an 22 Márta 2023).
([38]) *Chinese Communist Party asserts greater control over private enterprise* [Dearbhaíonn Páirtí Cumannach na Síne níos mó smachta ar fhiontair phríobháideacha], le fáil ag: https://on.ft.com/3mYxP4j (arna rochtain an 22 Márta 2023).
([39]) Le fáil ag: http://www.chenmingpaper.com/about/dszjj.aspx (arna rochtain an 22 Márta 2023).
([40]) Le fáil ag: http://www.chenmingpaper.com/about/djgzxx.aspx?id=17455 (arna rochtain an 22 Márta 2023).
([41]) Le fáil ag: https://www.zhanjiang.gov.cn/yaowen/content/post_1620284.html (arna rochtain an 22 Márta 2023).
([42]) Ibid.
([43]) Le fáil ag: https://dzrb.dzng.com/articleContent/37_1087334.html (arna rochtain an 22 Márta 2023).
([44]) Ibid.
([45]) Tuarascáil – Caibidlí 14.1 go 14.3.

Ar an iomlán, de bharr an chórais pleanála sa tSín fágann sé go mbíonn acmhainní á ndíriú chuig earnálacha atá ainmnithe mar earnálacha straitéiseacha nó atá tábhachtach go polaitiúil ar shlí eile ag an rialtas, seachas iad a bheith á leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ([46]).

(66) Chuir údaráis na Síne roinnt beartas i ngníomh lena dtreoraítear feidhmiú earnáil an táirge faoi athbhreithniú. Ar an gcéad dul síos, liostaítear teicneolaíochtaí a bhaineann le páipéar brataithe i measc na dtionscal atáthar a spreagadh i gCatalóg 2019 na Síne maidir le hAthstruchtúrú Tionscail a Threorú ([47]), ina léirítear rúin na n-údarás chun comhshaol rialála a chruthú a chuideoidh le forbairt na hearnála agus a d'fhéadfadh an bealach a réiteach don tionscal chun rochtain a fháil ar airgeadas. Ina theannta sin, sonraítear príomhspriocanna táirgeachta sa Chatalóg freisin, mar shampla maidir le cineálacha éagsúla laín adhmaid ([48]), tagraítear inti d'fhorbairt ardtrealaimh laíonála ([49]) agus déanta páipéir agus luaitear earnálacha éagsúla táirgthe laín páipéir agus adhmaid a gcuirfear deireadh leo mura gcomhlíontar an acmhainneacht bhliantúil ([50]). Thairis sin, iarrtar sa 14ú Plean náisiúnta Cúig Bliana ([51]) ar an tionscal 'dlús a chur le haistriú agus le huasghrádú fiontar i dtionscail ríthábhachtacha amhail an tionscal ceimiceán agus an tionscal déanta páipéir' ([52]). Cuirtear i dtábhacht sa 14ú Plean Cúig Bliana maidir le forbairt foraoiseachta agus féir an cuspóir ([53]) '[t] *tionscail thraidisiúnta a neartú chun próiseáil dhomhain adhmaid a chur chun cinn* […] *tacú le haistriú glas agus aistriú digiteach earnálacha eacnamaíocha amhail foraoisí, próiseáil adhmaid agus bambú, ceimiceáin foraoiseachta, laíon agus páipéar*' agus chun ' ([54])*deireadh le hacmhainneacht táirgeachta atá imithe i léig a luathú* […] *aistriú teicneolaíochta a chur chun cinn agus an ráta úsáide fuinnimh agus amhábhar a fheabhsú*' ([55]).

(67) Ina theannta sin, cuirtear na beartais náisiúnta maidir leis an tionscal páipéir bhrataithe chun feidhme ar leibhéil fholárnacha trí dhoiciméid phleanála chomhfhreagracha. Luaitear sa 14ú Plean Cúig Bliana de chuid Chúige Shandong ([56]) maidir le cúige láidir monaraíochta a chruthú '[f]aoi dheireadh an '*14ú Plean Cúig Bliana' go mbeidh*, […] *scála an tionscail iarainn agus na cruach, miotal neamhfheiriúil, fearas tí, déanta páipéir agus tionscail eile aicmithe i measc na dtrí cinn is fearr sa tír*' ([57]) agus iarradh freisin ann tacaíocht airgeadais fioscaí agus cánach optamaithe ([58]) agus sonraíodh go sainráite '*go neartóidh na ranna riaracháin airgeadais cúige, bardasacha agus contae comhordú na gcistí, agus go nglacfaidh siad go cuimsitheach modhanna amhail infheistíocht chothromais, lascainí ar ús ar iasachtaí, agus luach saothair agus fóirdheontais ex-post ar mhaithe le tacaíocht don tionscal monaraithe a mhéadú*' ([59]). I bplean Gníomhaíochta Cúige Shandong le haghaidh cúige láidir in ardmhonarú 2022-2025 ([60]), deir an rialtas áitiúil '*go mbeidh ról cuimsitheach agus comhordaithe ag Príomhghrúpa Beag an Chúige chun cúige láidir monaraithe a fhorbairt, agus comhlíonfaidh ranna ábhartha a ndualgais go cuí go díreach faoi údarás an rialtais chúige. Beidh príomhchomrádaithe freagracha choistí agus rialtais an Pháirtí ar leibhéal na cathrach agus an chontae ag brath ar thaighde agus ar imscaradh, agus beidh siad chun tosaigh maidir le cur chun feidhme a chur chun cinn*. ([61])' I bplean gníomhaíochta Chúige Jiangsu chun aghaidh a thabhairt ar an mbuaicphointe carbóin chomh maith, ar plean é is infheidhme maidir le príomhthionscail agus príomhearnálacha Jiangsu ([62]) tá na treoracha i ndáil le '[d] *lús a chur le haistriú agus le huasghrádú na dtionscal traidisiúnta[…] amhail* […] *déanamh páipéir*' ([63]). Trí bhíthin na modhanna sin agus modhanna eile, déanann údaráis na Síne, dá bhrí sin, beagnach gach gné d'fhorbairt agus d'fheidhmiú na hearnála a stiúradh agus a rialú.

([46]) Tuarascáil – Caibidil 4, lgh. 41-42, 83.
([47]) Féach Roinn I.19 den Chatalóg Treorach, le fáil ag: www.gov.cn/xinwen/2019-11/06/5449193/files/26c9d25f713f4ed5b8dc51ae40ef37af.pdf (arna rochtain an 22 Márta 2023).
([48]) Ibid.
([49]) Ibid.
([50]) Féach Roinn III.12 den Chatalóg Treorach, le fáil ag: www.gov.cn/xinwen/2019-11/06/5449193/files/26c9d25f713f4ed5b8dc51ae40ef37af.pdf (arna rochtain an 22 Márta 2023).
([51]) Le fáil ag: http://www.gov.cn/xinwen/2021-03/13/content_5592681.htm (arna rochtain an 23 Márta 2023).
([52]) Ibid.
([53]) Le fáil ag: https://www.forestry.gov.cn/html/ghzj/ghzj_1609/20210831153731850408848/file/20210831154858339457752.pdf (arna rochtain an 23 Márta 2023).
([54]) Ibid.
([55]) Ibid.
([56]) Le fáil ag: http://www.shandong.gov.cn/art/2021/9/7/art_97902_429688.html (arna rochtain an 23 Márta 2023).
([57]) Ibid.
([58]) Ibid.
([59]) Ibid.
([60]) Le fáil ag: http://www.shandong.gov.cn/art/2022/11/11/art_107851_121997.html (arna rochtain an 23 Márta 2023).
([61]) Ibid.
([62]) Le fáil ag: https://gxt.jiangsu.gov.cn/art/2023/1/17/art_6278_10729235.html (arna rochtain an 23 Márta 2023).
([63]) Ibid.

(68) Mar achoimre, tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun oibreoirí a spreagadh chun cuspóirí beartais phoiblí maidir leis an tionscal páipéir bhrataithe a chomhlíonadh. Le bearta den sórt sin cuirtear cosc ar fhórsaí an mhargaidh oibriú gan bhac.

3.3.2.6. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán: easpa dlíthe féimheachta, corparáideacha, nó maoine, nó iad a chur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó iad a fhorfheidhmiú go neamhleor

(69) De réir na faisnéise atá ar chomhad, déanann córas féimheachta na Síne seachadadh neamhleor ar a phríomhchuspóirí féin amhail éilimh agus fiachais a shocrú go cóir agus cearta agus leasanna dleathacha creidiúnaithe agus féichiúnaithe a choimirciú. Dealraítear go bhfuil sé sin fréamhaithe ar dhlí féimheachta na Síne atá bunaithe go foirmiúil ar phrionsabail atá cosúil leis na cinn a chuirtear i bhfeidhm i ndlíthe comhfhreagracha i dtíortha seachas an tSín, áit ina bhfuil tearc-fhorfheidhmiú á dhéanamh ar chóras na Síne. Tá an líon féimheachtaí fós fíor-íseal i ndáil le méid gheilleagar na tíre, ní hamháin toisc go bhfuil roinnt easnamh ag baint leis na himeachtaí dócmhainneachta, a fheidhmíonn go bunúsach mar dhídhreasacht i gcás comhduithe féimheachta. Thairis sin, tá ról an Stáit sna himeachtaí dócmhainneachta láidir agus gníomhach i gcónaí, agus bíonn tionchar díreach acu go minic ar thoradh na n-imeachtaí ([64]).

(70) Ina theannta sin, is léir go háirithe easnaimh an chórais maidir le cearta maoine i ndáil le húinéireacht talún agus cearta úsáide talún i nDaon-Phoblacht na Síne ([65]). Is leis an Stát an talamh ar fad (talamh thuaithe atá faoi chomhúinéireacht agus talamh uirbeach faoi úinéireacht an Stáit) agus tá a leithdháileadh fós ag brath ar an Stát amháin. Is forálacha dlíthiúla iad sin arb é is aidhm dóibh cearta úsáide talún a leithdháileadh ar bhealach trédhearcach agus ag praghsanna an mhargaidh, mar shampla trí nósanna imeachta tairisceana a thabhairt isteach. Mar sin féin, ní urramaítear na forálacha sin go tráthrialta, agus faigheann ceannaitheoirí áirithe a gcuid talún saor in aisce nó faoi bhun rátaí an mhargaidh ([66]). Thairis sin, is minic a shaothraíonn na húdaráis spriocanna sonracha polaitiúla, lena n-áirítear cur chun feidhme na bpleananna eacnamaíocha agus talamh á leithdháileadh acu ([67]).

(71) Ach oiread le hearnálacha eile i ngeilleagar na Síne, tá táirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú faoi réir ghnáthrialacha dhlíthe féimheachta, corparáideacha, agus maoine na Síne. Tá sé d'éifeacht aige sin go mbíonn na cuideachtaí sin, freisin, faoi réir an tsaofa ón mbarr anuas ag eascairt as cur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó forfheidhmiú neamhleor na ndlíthe féimheachta agus maoine. Dealraítear go bhfuil na breithnithe sin, bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil, infheidhme go hiomlán freisin in earnáil na foraoiseachta agus na táirgeachta adhmaid. Níor tugadh aon rud le fios san imscrúdú seo lena dtarraingeofaí amhras ar na torthaí sin.

(72) I bhfianaise an mhéid thuas, ba é conclúid an Choimisiúin go raibh dlíthe féimheachta agus maoine á gcur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó go rabhthas á bhforfheidhmiú go neamhleor in earnáil an táirge faoi athbhreithniú.

3.3.2.7. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán: saobhadh a bheith á dhéanamh ar chostais pá

(73) Ní féidir córas pá margadhbhunaithe a fhorbairt go hiomlán sa tSín toisc go gcuirtear bac ar oibrithe agus ar fhostóirí maidir lena gcearta maidir le comheagrú. Níor dhaingnigh Daon-Phoblacht na Síne roinnt de choinbhinsiúin riachtanacha na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair, go háirithe na cinn a bhaineann le saoirse comhlachais agus cómhargáil ([68]). Faoin dlí náisiúnta, níl ach eagraíocht ceardchumainn amháin gníomhach. Mar sin féin, níl an eagraíocht sin neamhspleách ar na húdaráis Stáit agus tá an obair a dhéanann sí maidir le cómhargáil agus cosaint do chearta oibrithe fós bunúsach ([69]). Thairis sin, cuirtear srian ar shoghluaisteacht lucht saothair na Síne de bharr an chórais clárúcháin teaghlaigh, rud a chuireann teorainn leis an rochtain ar an raon iomlán slándála sóisialta agus ar shochair eile d'áitritheoirí áitiúla i limistéar riaracháin ar leith. Fágann sé sin go mbeidh oibrithe ann nach bhfuil an clárú cónaitheachta áitiúil ina seilbh acu iad féin i staid leochaileach fostaíochta agus a fhaigheann ioncam níos ísle ná na daoine a bhfuil an clárú cónaitheachta acu ([70]). Fágann na torthaí sin go ndéantar costais phá a shaobhadh sa tSín.

([64]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 138-149.
([65]) Tuarascáil – Caibidil 9, lgh. 216.
([66]) Tuarascáil – Caibidil 9, lgh. 213-215.
([67]) Tuarascáil – Caibidil 9, lgh. 209-211.
([68]) Tuarascáil – Caibidil 13, lgh. 332-337.
([69]) Tuarascáil – Caibidil 13, lgh. 336.
([70]) Tuarascáil – Caibidil 13, lgh. 337-341.

(74) Níor cuireadh aon fhianaise isteach lena dtabharfaí le fios nach bhfuil an tionscal páipéir bhrataithe faoi réir chóras dlí saothair na Síne a thugtar tuairisc air. Leis an saobhadh ar chostais pá téitear i gcion go díreach dá réir sin ar an earnáil (nuair a bhíonn an táirge lena mbaineann nó an príomhamhábhar lena tháirgeadh á mhonarú) agus go hindíreach (nuair a bhíonn rochtain ar chaipiteal nó ar ionchuir ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna sa tSín).

3.3.2.8. Saobhadh suntasach de réir Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán: rochtain ar mhaoiniú arna dheonú ag institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí chun feidhme nó nach ngníomhaíonn go neamhspleách ar an Stát ar shlí eile

(75) Tá an rochtain a fhaigheann gníomhairí corparáideacha ar chaipiteal sa tSín faoi réir cinéalacha éagsúla saofa. Ar an gcéad dul síos, tá seasamh láidir ag na bainc atá faoi úinéireacht an Stáit i gcóras airgeadais na Síne ([71]), agus cuireann siad critéir seachas inmharthanacht eacnamaíoch tionscadail san áireamh le linn dóibh rochtain a dheonú ar mhaoiniú. Ar an gcaoi chéanna le fiontair neamhairgeadais atá faoi úinéireacht an Stáit, tá nasc fós ag na bainc leis an Stát ní hamháin trí úinéireacht ach freisin trí chaidreamh pearsanta (is é Páirtí Cumannach na Síne go bunúsach a cheapann na feidhmeannaigh is airde sna hinstitiúidí móra airgeadais atá faoi úinéireacht an Stáit) ([72]) agus, arís ach an oiread le fiontair neamhairgeadais atá faoi úinéireacht an Stáit, cuireann na bainc beartais phoiblí arna gceapadh ag Rialtas na Síne chun feidhme go tráthrialta. Agus iad ag déanamh amhlaidh, comhlíonann na bainc sainoibleagáid dhlíthiúil maidir lena ngnó a dhéanamh i gcomhréir le riachtanais na forbartha eacnamaíche agus sóisialta náisiúnta agus faoi threoraíocht bheartais thionsclaíocha an Stáit ([73]). Is measa fós é sin de bharr rialacha breise atá i bhfeidhm, a dhíríonn maoiniú ar earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha spreagtha nó atá tábhachtach ar shlí eile ([74]).

(76) Cé go n-aithnítear go dtagraíonn forálacha dlíthiúla éagsúla don ghá atá le gnáth-iompraíocht baincéireachta agus rialacha stuamachta a urramú amhail an gá atá le himscrúdú a dhéanamh ar acmhainneacht creidmheasa an iasachtóra, tugtar le fios i bhformhór na fianaise ([75]), lena n-áirítear na torthaí a rinneadh in imscrúduithe cosanta trádála, nach bhfuil ag na forálacha sin ach ról tánaisteach maidir leis na hionstraimí dlí éagsúla a chur i bhfeidhm.

(77) Mar shampla, shoiléirigh Rialtas na Síne nach mór do Pháirtí Cumannach na Síne maoirseacht a dhéanamh ar chinntí príobháideacha baincéireachta tráchtála fiú agus nach mór na cinntí sin a bheith fós i gcomhréir le beartais náisiúnta. Is ceann de thrí sprioc uileghabhálacha an Stáit maidir le rialachas baincéireachta é ceannaireacht an Pháirtí a neartú in earnálacha na baincéireachta agus an árachais, lena n-áirítear i ndáil le saincheisteanna oibríochtúla agus bainistíochta ([76]). Thairis sin, ní mór a chur san áireamh anois le critéir meastóireachta feidhmíochta na mbanc tráchtála, go háirithe, an chaoi a 'bhfreastalaíonn eintitis ar na cuspóirí forbartha náisiúnta agus ar an bhfíorgheilleagar', agus go háirithe an chaoi a bhfreastalaíonn na heintitis ar 'thionscail straitéiseacha agus ar thionscail atá ag teacht chun cinn' ([77]).

([71]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 114-117.

([72]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 119.

([73]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 120.

([74]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 121-122, 126-128, 133-135.

([75]) Féach: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/328 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí táirgí de shnáithín gloine filiméadach leanúnach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, aithrisí 71-75, IO L 65/1, 25.02.2021. agus: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2287 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2021 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí scragaill tiontaire alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE)2021/2170 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí scragaill tiontaire alúmanaim de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, aithrisí 151-188, IO L 458/344, 22.12.2021.

([76]) Féach an doiciméad oifigiúil beartais ó Choimisiún Rialála Baincéireachta agus Árachais na Síne (CBIRC) an 28 Lúnasa 2020: *Plean gníomhaíochta trí bliana chun rialachas corparáideach na hearnála baincéireachta agus árachais a fheabhsú (2020-2022)*, le fáil ag: http://www.cbirc.gov.cn/cn/view/pages/ItemDetail.html?docId=925393&itemId=928 (arna rochtain an 22 Márta 2023). Tugtar treoir sa Phlean *'an spiorad atá cuimsithe i bpríomhóráid an Ard-Rúnaí Xi Jinping a chur chun feidhme a thuilleadh maidir le hathchóiriú ar rialachas corparáideach na hearnála airgeadais a chur chun cinn'*. Thairis sin, is é is aidhm do Roinn II den Phlean comhtháthú orgánach cheannaireacht an Pháirtí i rialachas corparáideach a chur chun cinn: *'déanfaimid comhtháthú cheannaireacht an Pháirtí sa rialachas corparáideach ar bhonn níos córasaí agus níos caighdeánaithe agus é bunaithe níos mó ar nósanna imeachta[...] Ní mór do Choiste an Pháirtí saincheisteanna móra oibríochtúla agus bainistíochta a phlé sula gcinnfidh an Bord Stiúrthóirí nó an bhainistíocht shinsearach iad.'*

([77]) Féach *Fógra CBIRC maidir le modh meastóireachta feidhmíochta na mbanc Tráchtála,* arna eisiúint an 15 Nollaig 2020. http://jrs.mof.gov.cn/gongzuotongzhi/202101/t20210104_3638904.htm (arna rochtain an 22 Márta 2023).

(78) Ina theannta sin, déantar rátálacha bannaí agus creidmheasa a shaobhadh go minic ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear an tionchar atá ag tábhacht straitéiseach an ghnólachta do Rialtas na Síne ar an measúnú riosca agus neart aon ráthaíochta intuigthe a thugann an rialtas. Tugtar le fios go láidir i meastacháin go gcomhfhreagraíonn rátálacha creidmheasa na Síne go córasach do rátálacha idirnáisiúnta níos ísle ([78]).

(79) Is measa fós é sin de bharr rialacha breise atá i bhfeidhm, a dhíríonn maoiniú ar earnálacha atá ainmnithe ag an rialtas mar earnálacha spreagtha nó atá tábhachtach ar shlí eile ([79]). Bíonn claonadh ann dá bharr sin i bhfabhar iasachtaí a thabhairt d'fhiontair atá faoi úinéireacht an Stáit, do gnólachtaí príobháideacha dea-nasctha agus do ghnólachtaí in earnálacha tionsclaíocha tábhachtacha, rud a thugann le fios nach ionann infhaighteacht agus costas an chaipitil do gach gníomhaí ar an margadh.

(80) Ar an dara dul síos, coinníodh costais iasachtaithe íseal go saorga chun fás infheistíochta a spreagadh. Mar thoradh air sin tá úsáid iomarcach á baint as infheistíocht chaipitil le torthaí níos ísle ar an infheistíocht. Léirítear é sin leis an bhfás a tháinig ar ghiaráil chorparáideach in earnáil an Stáit d'ainneoin titim ghéar ar bhrabúsacht, rud a thugann le fios nach leanann na sásraí atá ag obair sa chóras baincéireachta gnáthfhreagairtí tráchtála.

(81) Ar an tríú dul síos, cé gur baineadh amach léirscaoileadh sna rátaí ainmniúla úis i mí Dheireadh Fómhair 2015, níl na comharthaí praghais ann de bharr fhórsaí an mhargaidh shaoir fós, ach bíonn tionchar ag saobhadh a thagann chun cinn ón rialtas orthu. Maidir le sciar den iasachtú ar an ráta tagarmhairc nó faoina bhun, is ionann é agus aon trian ar a laghad de gach iasachtú ó 2018 ([80]). Thuairiscigh na meáin oifigiúla sa tSín le déanaí gur éiligh Páirtí Cumannach na Síne 'go dtreorófaí ráta úis mhargadh na n-iasachtaí síos ([81]). Tarlaíonn praghsáil ró-íseal de thoradh rátaí úis a bheith níos ísle ná mar atá réasúnach, agus dá dheasca sin, baintear úsáid iomarcach as caipiteal.

(82) Léirítear leis an bhfás foriomlán ar chreidmheas sa tSín go bhfuil cúrsaí ag dul in olcas ó thaobh a éifeachtaí a leithdháiltear caipiteal gan aon chomhartha ann go bhfuil creidmheas ag éirí níos doichte, rud lena mbeifí ag súil i dtimpeallacht mhargaidh neamhshaofa. Dá bhrí sin, tá méadú tapa tagtha ar iasachtaí neamhthuillmheacha, agus roghnaigh Rialtas na Síne roinnt uaireanta mainneachtain a sheachaint, rud a chruthaigh cuideachtaí 'zombaí' mar a thugtar orthu, nó trí úinéireacht an fhiachais a aistriú (e.g. trí chumaisc nó trí bhabhtálacha fiachais go cothromas), gan gá go mbeadh an fhadhb fhoriomlán fiachais bainte ná go dtabharfaí aghaidh ar bhunchúiseanna an fhiachais.

(83) Go bunúsach, d'ainneoin na mbeart a rinneadh chun an margadh a léirscaoileadh, le saobhadh suntasach, de thoradh ról forleatach leanúnach an stáit sna margaí caipitil, déantar difear don chóras creidmheasa chorparáidigh sa tSín. Dá bhrí sin, déantar difear tromchúiseach do dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal de dheasca idirghabháil shubstainteach ón rialtas sa chóras airgeadais.

(84) San imscrúdú reatha, shuigh an Coimisiún, seachas na beartais phoiblí thuasluaite a thacaíonn leis an tionscal páipéir bhrataithe, go dtacaíonn Rialtas na Síne le cuideachtaí airgeadais san earnáil. I dtuarascáil bhliantúil Shandong Chenming Paper Holding 2022, liostaíonn an chuideachta roinnt deontais rialtais do 2022, arna ndáileadh i measc na gceithre thionscadal seo a leanas:

— Tionscadal Comhtháthaithe Foraoiseachta, Laíon agus Páipéir Huanggang;

— Tionscadal Comhtháthaithe Foraoiseachta, Laín agus Páipéir Zhanjiang;

— Fóirdheontais airgeadais le haghaidh tionscadal uasghrádaithe theicniúil;

— Deontas ón gCiste um Chaomhnú an Chomhshaoil ([82]).

([78]) Féach Páipéar Oibre an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta '*Resolving China's Corporate Debt Problem*', le Wojciech Maliszewski, Serkan Arslanalp, John Caparusso, José Garrido, Si Guo, Joong Shik Kang, W. Raphael Lam, T. Daniel Law, Wei Liao, Nadia Rendak, Philippe Wingender, Jiangyan, Deireadh Fómhair 2016, WP/16/203

([79]) Tuarascáil – Caibidil 6, lgh. 121-122, 126-128, 133-135.

([80]) Féach ECFE (2019), Suirbhéanna Eacnamaíochta ECFE: An tSín 2019, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, lch. 29, le fáil ag: https://doi.org/10.1787/eco_surveys-chn-2019-en (arna rochtain an 22 Márta 2023).

([81]) Féach: http://www.gov.cn/xinwen/2020-04/20/content_5504241.htm (arna rochtain an 22 Márta 2023).

([82]) Le fáil ag: http://www.chenmingpaper.com/Uploadfile/pdf/20220901105117731.pdf (arna rochtain an 23 Márta 2023).

— Ar an gcaoi chéanna, bhain Nanning Sun, fochuideachta faoi lánúinéireacht Shandong Sun Paper Co., Ltd., leas freisin as 'tacaíocht láidir do bheartais infheistíochta tosaíochta éagsúla an rialtais áitiúil' le tionscadal a chur ar bun in Nanning chun tacú le Páirc Thionsclaíoch 'Foraois-Laíon-Páipéar' agus í a chomhtháthú, mar a leagtar amach i dtuarascáil bhliantúil Shandong Sun Papers 2021 ([83]).

— Mar achoimre, déanann an idirghabháil ón rialtas sa chóras airgeadais difear d'earnáil an táirge faoi athbhreithniú de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, déantar difear tromchúiseach do dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal de dheasca idirghabháil shubstainteach ón rialtas sa chóras airgeadais.

3.3.2.9. An cineál sistéamach a bhaineann leis an saobhadh a thuairiscítear

(85) Thug an Coimisiún dá aire gur saintréithe de gheilleagar na Síne an saobhadh a thuairiscítear sa Tuarascáil. Léirítear san fhianaise atá ar fáil maidir le fíorais agus gnéithe chóras na Síne mar a thuairiscítear thuas i Ranna 3.3.2.2 - 3.3.2.5 agus freisin i gCuid I den Tuarascáil, go bhfuil feidhm acu ar fud na tíre agus ar fud earnálacha an gheilleagair. Is ionann an scéal maidir leis an tuairisc ar na tosca táirgeachta mar a leagtar amach thuas i Ranna 3.3.2.6 - 3.3.2.8 thuas agus i gCuid II den Tuarascáil.

(86) Meabhraíonn an Coimisiún gur gá ionchuir áirithe chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh. Nuair a cheannaíonn táirgeoirí páipéir bhrataithe na hionchuir sin nó nuair a dhéanann siad conarthaí lena n-aghaidh, is léir go mbíonn na praghsanna a íocann siad (agus a dhéantar a thaifeadadh mar a gcuid costas) neamhchosanta ar an saobhadh sistéamach céanna a luadh roimhe. Mar shampla, fostaíonn soláthróirí na n-ionchur lucht saothair atá faoi réir an tsaofa. Féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht a bheidh faoi réir shaobhadh na hearnála airgeadais/ leithdháileadh an chaipitil. Ina theannta sin, ta siad faoi réir an chórais pleanála is infheidhme maidir le gach leibhéal rialtais agus earnálacha.

(87) Dá bharr sin, ní hamháin nach iomchuí praghsanna díola intíre an táirge faoi athbhreithniú a úsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a) (a) den bhun-Rialachán, ach tá na costais ionchuir uile faoi thionchar freisin (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, lucht saothair, etc.) toisc go ndéanann idirghabháil shubstaintiúil an rialtais difear dá bpraghasmhúnlú, mar a thuairiscítear i gCodanna I agus II den Tuarascáil. Go deimhin, tá idirghabhálacha an rialtais a thuairiscítear i ndáil le leithdháileadh an chaipitil, na talún, an lucht saothair, an fhuinnimh agus na n-amhábhar le fáil ar fud na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, go mbíonn ionchur, a táirgeadh i nDaon-Phoblacht na Síne trí réimse tosca táirgeachta a chur le chéile, neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh an scéal maidir leis an ionchur don ionchur agus mar sin de. Níor thug Rialtas na Síne ná na táirgeoirí onnmhairiúcháin san imscrúdú reatha aon fhianaise ná argóint ina choinne sin.

3.3.2.10. Conclúid

(88) Leis an anailís a leagtar amach i ranna 3.3.2.1. go 3.3.2.9, lena n-áirítear scrúdú ar an bhfianaise uile dá bhfuil ar fáil a bhaineann le hidirghabháil na Síne ina geilleagar i gcoitinne agus san earnáil chomh maith den táirge faoi athbhreithniú, léiríodh nach bhfuil praghsanna ná costais an táirge faoi athbhreithniú, lena n-áirítear costais na n-amhábhar, an fhuinnimh agus an lucht saothair, mar thoradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir toisc go ndéantar difear dóibh le hidirghabháil shubstainteach an rialtais de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán mar a léirítear leis an tionchar iarbhír atá ag ceann amháin nó níos mó de na heilimintí ábhartha dá liostaítear ann nó an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige nó acu. Ar an mbonn sin, agus in éagmais aon chomhoibrithe ó Rialtas na Síne, ba é conclúid an Choimisiúin nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun gnáthluach a shuí sa chás sin.

(89) Dá bhrí sin, chuaigh an Coimisiún ar aghaidh leis an ngnáthluach a bhunú go heisiach ar bhonn na gcostas táirgthe agus díola agus praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa á léiriú, is é sin, sa chás seo, ar bhonn na gcostas comhfhreagrach táirgthe agus díola i dtír ionadaíoch iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a) (a) den bhun-Rialachán, mar a tuairiscíodh sa roinn a leanas.

([83]) Le fáil ag: http://www.cninfo.com.cn/new/disclosure/detail?plate=szse&orgId=9900001223&stockCode=002078&announcementId=1212942863&announcementTime=2022-04-15%2018:00 (arna rochtain an 23 Márta 2023).

3.3.3. *Tír ionadaíoch*

3.3.3.1. Barúlacha ginearálta

(90) Ba cheart roghnú na tíre ionadaíche a bhunú ar na critéir seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán:

— leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil le leibhéal na Síne. Chun na críche sin, tugann an Coimisiún tús áite do thíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta acu atá cosúil leis an ollioncam náisiúnta sa tSín ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ([84]);

— táirgeadh an táirge faoi athbhreithniú sa tír sin ([85]);

— infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha;

— i gcás breis agus tír amháin den sórt sin a bheith ann, tabharfar tús áite, i gcás inarb iomchuí, do thíortha ag a bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta agus comhshaoil.

(91) Mar a mhínítear in aithris (39), d'eisigh an Coimisiún Nóta faoi na foinsí chun an gnáthluach a shuí, an 20 Feabhra 2023. Sa nóta sin, tuairiscíodh na fíorais agus an fhianaise is bun leis na critéir ábhartha, agus cuireadh na páirtithe leasmhara ar an eolas go raibh sé ar intinn ag an gCoimisiún an Bhrasaíl a bhreithniú mar thír ionadaíoch iomchuí sa chás seo dá mba rud é go ndeimhneofaí gurbh ann do shaobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(92) I gcomhréir leis na critéir a liostaítear faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, shainaithin an Coimisiún an Bhrasaíl mar thír a bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíche aici atá cosúil le leibhéal na Síne. Rangaíonn an Banc Domhanda an Bhrasaíl mar thír 'ard-mheánioncaim' ar bhonn ollioncam náisiúnta. Ina theannta sin, sainaithníodh an Bhrasaíl mar thír ina raibh an táirge faoi athbhreithniú á tháirgeadh agus bhí fáil éasca ar shonraí poiblí ábhartha.

(93) Ar deireadh, i bhfianaise éagmais comhoibrithe agus tar éis a shuí gur tír ionadaíoch iomchuí í an Bhrasaíl, agus bunaithe ar na gnéithe thuasluaite uile, ní raibh aon ghá measúnú a dhéanamh ar leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil i gcomhréir leis an abairt dheireanach den chéad fhleasc d'Airteagal 2(6a)(a), den bhun-Rialachán.

3.3.3.2. Conclúid

(94) In éagmais comhoibriú agus ós rud é gur chomhlíon an Bhrasaíl na critéir a leagtar síos sa chéad fhleasc d'Airteagal 2(6a)(a)den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún an Bhrasaíl mar an tír ionadaíoch iomchuí.

3.3.4. *Foinsí arna n-úsáid chun costais neamhshaofa a shuí*

(95) Sa Nóta maidir le foinsí ábhartha chun an gnáthluach a chinneadh, liostaigh an Coimisiún na tosca táirgeachta amhail ábhair, fuinneamh agus saothar a úsáidtear i dtáirgeadh an táirge faoi athbhreithniú, mar a thug an t-iarratasóir san iarraidh ar an athbhreithniú éaga. Luaigh an Coimisiún freisin, d'fhonn an gnáthluach a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, go n-úsáidfeadh sé GTA chun an costas neamhshaofa a shuí maidir le formhór na dtosca táirgeachta sa tír ionadaíoch, go sonrach amhábhair. Ina theannta sin, dúirt an Coimisiún go n-úsáidfeadh sé faisnéis ó ILOSTAT ([86]) chun costais neamhshaofa saothair san earnáil monaraíochta, agus taraifí poiblí ó leictreachas agus ó ghás ó Aireacht Mianach agus Fuinnimh na Brasaíle a shuí ([87]). Ina dhiaidh sin, mar a mhínítear in aithris (98) thíos, chinn an Coimisiún Instituto Brasileiro de Geografia e Estatística ([88]) a úsáid mar fhoinse chun costais saothair a shuí.

([84]) https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income

([85]) Mura bhfuil an táirge faoi athbhreithniú á tháirgeadh in aon tír ar comhchosúil an leibhéal forbartha eacnamaíche atá inti, féadfar féachaint ar tháirge a tháirgtear san aicme agus/nó san earnáil ghinearálta chéanna agus an táirge faoi bhreathnú.

([86]) https://www.ilo.org/shinyapps/bulkexplorer37/?lang=en&segment=indicator&id=HOW_2LSS_SEX_RT_A

([87]) Aireacht Mianach agus Fuinnimh na Brasaíle (Boletim mensal de energia 2021) https://www.gov.br/mme/pt-br/assuntos/secretarias/spe/publicacoes/boletins-mensais-de-energia/2021/portugues/12-boletim-mensal-de-energia-dezembro-2021/view

([88]) https://www.ibge.gov.br/estatisticas/economicas/industria/9042-pesquisa-industrial-anual.html?=&t=destaques

(96) Ar deireadh, chuir an Coimisiún in iúl go n-úsáidfeadh sé na sonraí airgeadais ó tháirgeoir amháin den tháirge faoi athbhreithniú ón mBrasaíl, Sylvamo Ltda, mar a leagtar amach in aithris (100) thíos, ar leibhéal réasúnta, chun costais SGA agus brabús a shuí. Ní bhfuarthas aon bharúil maidir leis an tír ionadaíoch a sainaithníodh. Fuarthas tuairimí, áfach, ó na hiarratasóirí ar roinnt pointí a pléadh sa nóta thuasluaite, mar a thuairiscítear thíos.

(97) D'áitigh na hiarratasóirí ar dtús nár chuir an Coimisiún amhábhair áirithe san áireamh gan cóid HS (Líonaigh, Líocha-Eile, Ceanglóirí-Eile, Breiseáin, Daoine Eile). Mar sin féin, ós rud é nach gcuimsítear na hamhábhair sin i dtábla na n-amhábhar sa Nóta maidir le foinsí ábhartha chun an gnáthluach a chinneadh, ní chiallaíonn sé sin gur tugadh neamhaird orthu. Go deimhin, cuireadh na hamhábhair sin san áireamh i ríomhanna an Choimisiúin mar thomhaltáin. Go mionsonraithe, i gcomhthéacs athbhreithniú éaga, ní gá don Choimisiún ach a shuí an bhfuil an dóchúlacht ann go leanfar leis an dumpáil nó go dtosófar an dumpáil arís. I bhfianaise an toraidh a tugadh in aithris (122) thíos maidir leis an difríocht (shuntasach) sa phraghas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe idir an gnáthluach ríofa do dhíolacháin agus an chuid eile den domhan agus na conclúide ina dhiaidh sin maidir leis an dóchúlacht go dtarlóidh an dumpáil arís, ní raibh sé de cheangal ar an gCoimisiún cinneadh maidir le praghas dumpála a dhéanamh san imscrúdú reatha. Ina theannta sin, ba chion céatadán beag de chostas iomlán an táirgthe a bhí i gceist leis na hamhábhair lenar bhain. Dá bhrí sin, cuireadh san áireamh iad mar thomhaltáin, ag baint úsáid as na céatadáin chostais a sholáthair an t-iarratasóir (thart ar 7 % san iomlán).

(98) Ar an dara dul síos, d'iarr an t-iarratasóir tagarmharcanna saincheaptha do na cineálacha éagsúla costas saothair lena ndéanfaí idirdhealú idir cineálacha éagsúla fostaithe. Níor sholáthair an t-iarratasóir sonraí costais saothair den sórt sin don Bhrasaíl, áfach, chun idirdhealú a dhéanamh idir cineálacha éagsúla saothair. Ina theannta sin, dá ndéanfadh an Coimisiún idirdhealú den sórt sin sna tagarmharcanna saothair agus i bhfianaise sciar coibhneasta an chostais saothair sa chostas monaraíochta iomlán, bheadh an t-athrú ar an difríocht idir an gnáthluach ríofa agus an praghas onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha ina athrú an-bheag. Chomh maith leis sin, i gcomhthéacs athbhreithniú éaga, níl sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún corrlach dumpála beacht a ríomh ach ina ionad sin a shuí an bhfuil an dóchúlacht ann go leanfar leis an dumpáil nó go dtarlóidh sí arís. Mar sin féin, chun léiriú níos fearr a thabhairt ar thuarastail san earnáil monaraíochta do thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, chinn an Coimisiún Instituto Brasileiro de Geografia e Estatística a úsáid in ionad ILOSTAT (mar a fógraíodh sa Nóta maidir leis na foinsí chun an gnáthluach a chinneadh), mar fhoinse do phá míosúil fostaithe san earnáil monaraíochta ([89]) maidir leis na meánuaireanta seachtainiúla oibre sa Bhrasaíl do 2021.

(99) Ar an tríú dul síos, d'iarr an t-iarratasóir forchostais mhonaraíochta a chur san áireamh freisin (dímheas meaisín, saothar indíreach, costais phacála). Mar a mhínítear in aithris (109) thíos, áfach, bhí na costais sin curtha san áireamh cheana ag an gCoimisiún sna ríomhanna, agus úsáid á baint aige as na céatadáin chostais a soláthraíodh san iarraidh ar athbhreithniú éaga.

(100) Ar an gceathrú dul síos, ní raibh an t-iarratasóir sásta nár úsáid an Coimisiún brabús agus costais SGA an táirgeora páipéir mhín bhrataithe is mó sa Bhrasaíl ar a dtugtar Suzano S.A. ina ríomhanna agus nár chuir sé san áireamh ach táirgeoir eile táirgí atá cosúil leis an táirge faoi athbhreithniú, Sylvamo Ltda. Maidir leis an tsaincheist sin, mheas an Coimisiún nár léiríodh le brabús agus costais comhcheangailte SG&A Suzano S.A. an mhéid a bhainfeadh tionscal an pháipéir mhín bhrataithe amach faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh agus dá bhrí sin nach raibh sé réasúnach. Dá bhrí sin, chinn sé seasamh lena chéad rogha gan Sylvamo Ltda a úsáid ach amháin chun céatadán réasúnta costas SGA agus brabúis a ríomh. Dá mbainfí úsáid as sonraí Suzano S.A., dhéanfaí an difríocht a suíodh idir an gnáthluach ríofa agus an praghas onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha a thuairiscítear in aithris (122) a mhéadú a thuilleadh. Mar a mhínítear in aithris (98) thuas, níl sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún corrlach dumpála beacht a ríomh ach ina ionad sin a shuí an bhfuil an dóchúlacht ann go leanfar leis an dumpáil nó go dtarlóidh sí arís. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

3.4. **Costais neamhshaofa agus tagarmharcanna**

3.4.1. *Tosca táirgeachta*

(101) I bhfianaise na faisnéise uile bunaithe ar an iarraidh agus faisnéis a bailíodh ina dhiaidh sin le linn an nós imeachta agus i ndiaidh anailís a dhéanamh ar na barúlacha ó na páirtithe leasmhara, sainaithníodh na tosca táirgeachta seo a leanas agus a bhfoinsí chun an gnáthluach a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

([89]) https://www.ibge.gov.br/estatisticas/economicas/industria/9042-pesquisa-industrial-anual.html?=&t=destaques

Tábla 1

Tosca táirgeachta páipéir mhín bhrataithe áirithe

An Toisc Tháirgeachta	Cód an Tráchtearra sa Bhrasaíl	Luach (RMB)	Aonad tomhais	Foinse na faisnéise
Amhábhair				
Laíon bog-adhmaid	47032100	5,84	kg	GTA ([1])
Laíon crua-adhmaid	47032900	4,64	kg	GTA
Carbón gníomhachtaithe (eile)	38021000	21,90	kg	GTA
Stáirsí	35051010	19,31	kg	GTA
Hidreacarb HydroPlex CalPlex Covercarb	25174100	0,51	kg	GTA
Stáirse cruithneachta	11081100	3,33	kg	GTA
Polai(alcól vinile)	39053000	23,37	kg	GTA
Ceallalós carbocsaimeitile agus na salainn atá ann	39123100	23,40	kg	GTA
Laitéis	40021100	11,46	kg	GTA
Tomhaltáin				
Lucht Saothair				
Costas Saothair i dtionscail mhonaraíochta	N/B	59,57	uair an chloig	Instituto Brasileiro de Geografia e Estatística ([2])
Fuinneamh				
Leictreachas	N/B	919,96	MWh	Aireacht Mianach agus Fuinnimh na Brasaíle (Boletim mensal de energia 2021) ([3])
Gás	N/B	344,29	MWh	Aireacht Mianach agus Fuinnimh na Brasaíle (Boletim mensal de energia 2021)

([1]) http://www.gtis.com/gta/secure/default.cfm
([2]) https://www.ibge.gov.br/estatisticas/economicas/industria/9042-pesquisa-industrial-anual.html?=&t=destaques
([3]) Aireacht Mianach agus Fuinnimh na Brasaíle (Boletim mensal de energia 2021) https://www.gov.br/mme/pt-br/assuntos/secretarias/spe/publicacoes/boletins-mensais-de-energia/2021/portugues/12-boletim-mensal-de-energia-dezembro-2021/view

3.4.1.1. Amhábhair

(102) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhar sa tír ionadaíoch a shuí, d'úsáid an Coimisiún an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe chuig an tír ionadaíoch, mar a thuairiscítear in GTA mar bhonn agus cuireadh dleachtanna allmhairiúcháin leis. Cinneadh praghas allmhairiúcháin sa tír ionadaíoch mar mheán ualaithe phraghsanna aonaid na n-allmhairí ó gach tríú tír gan Daon-Phoblacht na Síne ná tíortha nach comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad, a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a áireamh ([90]).

(103) Chinn an Coimisiún na hallmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne isteach sa tír ionadaíoch a chur as an áireamh toisc gur tháinig sé ar an gconclúid san aithris thuas nach iomchuí praghsanna agus costais intíre i nDaon-Phoblacht na Síne a úsáid toisc go bhfuil saobhadh suntasach ann i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. De bhrí nach bhfuil aon fhianaise ann lena léirítear nach ndéanann an saobhadh céanna difear comhionann do tháirgí a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú, mheas an Coimisiún go ndéanann an saobhadh céanna difear do phraghsanna onnmhairiúcháin. Tar éis allmhairí ón tSín chuig an tír ionadaíoch a eisiamh, bhí méid na n-allmhairí ó thríú tíortha eile ionadaíoch fós.

(104) Ba cheart na costais iompair intíre a chur leis na praghsanna allmhairiúcháin sin de ghnáth. Dá bhrí sin, agus éagmais comhoibrithe á cur san áireamh, mar aon le cineál imscrúdaithe ar athbhreithniú éaga, ina ndírítear ar a chinneadh ar leanadh den dumpáil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe nó ar tharla sí arís, seachas méid beacht na dumpála a fháil amach, chinn an Coimisiún nach raibh gá le coigeartuithe maidir le hiompar intíre. Ní bheadh de thoradh ar choigeartuithe den sórt sin ach an gnáthluach a mhéadú agus an corrlach dumpála a mhéadú freisin dá réir sin.

3.4.1.2. Lucht Saothar

(105) I gcás saothar díreach agus indíreach, baineadh úsáid as staidreamh costais ó Instituto Brasileiro de Geografia e Estatística ([91]) chun pá sa Bhrasaíl a chinneadh. D'úsáid an Coimisiún pá míosúil oibrithe na bhfostaithe in earnáil na monaraíochta agus na meánuaireanta seachtainiúla a oibríodh sa Bhrasaíl in 2021. Ar an mbonn sin, ríomhadh ráta in aghaidh na huaire ag 59,57 RMB/uair an chloig

3.4.1.3. Leictreachas

(106) Is é Aireacht Mianach agus Fuinnimh na Brasaíle a fhoilsíonn praghas an leictreachais sa Bhrasaíl ([92]). D'úsáid an Coimisiún sonraí 2021 maidir le praghsanna leictreachais tionsclaíocha agus shuigh sé praghas ar leibhéal 919,96 RMB/MWh (lena gclúdaítear tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe).

3.4.1.4. Gás nádúrtha

(107) Chun an tagarmharc maidir le costas gáis a shuí, d'úsáid an Coimisiún staidreamh ó Aireacht Mianach agus Fuinnimh na Brasaíle ([93]). Is é an praghas a úsáidtear meánphraghas aonaid gáis 2021 le haghaidh úsáideoirí tionsclaíocha sa Bhrasaíl arna shuíomh ar leibhéal 344,29 RMB/MWh (lena gclúdaítear tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe).

([90]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33). Meastar le hAirteagal 2(7) den bhun-Rialachán nach féidir praghsanna intíre sna tíortha sin a úsáid chun gnáthluach a chinneadh.

([91]) https://www.ibge.gov.br/estatisticas/economicas/industria/9042-pesquisa-industrial-anual.html?=&t=destaques

([92]) Aireacht Mianach agus Fuinnimh na Brasaíle (Boletim mensal de energia 2021) https://www.gov.br/mme/pt-br/assuntos/secretarias/spe/publicacoes/boletins-mensais-de-energia/2021/portugues/12-boletim-mensal-de-energia-dezembro-2021/view

([93]) Aireacht Mianach agus Fuinnimh na Brasaíle (Boletim mensal de energia 2021) https://www.gov.br/mme/pt-br/assuntos/secretarias/petroleo-gas-natural-e-biocombustiveis/publicacoes-1/boletim-mensal-de-acompanhamento-da-industria-de-gas-natural/2021/12-boletim-de-acompanhamento-da-industria-de-gas-natural-dezembro-de-2021.pdf

3.4.1.5. Forchostais mhonaraíochta, costais SGA, brabúis agus dímheas

(108) De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, *'ní mór méid neamhshaofa agus réasúnach i gcomhair costas riaracháin, díola agus ginearálta agus i gcomhair brabús a bheith san áireamh sa ghnáthluach comhdhéanta*'. Ina theannta sin, ní mór luach ar fhorchostais mhonaraíochta a shuí chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas.

(109) Chun luach neamhshaofa na bhforchostas monaraíochta a shuí agus toisc comhar na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a bheith in easnamh, bhain an Coimisiún úsáid as na fíorais a bhí ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, ar bhonn na sonraí a sholáthair an t-iarratasóir, shuigh an Coimisiún cóimheas na bhforchostas monaraíochta leis na costais iomlána mhonaraíochta agus saothair. Cuireadh an céatadán sin i bhfeidhm ansin maidir le luach neamhshaofa na gcostas monaraíochta chun luach neamhshaofa na bhforchostas monaraíochta a fháil, ag brath ar an tsamhail a tháirgtear.

(110) Chun méid neamhshaofa agus réasúnta le haghaidh costais SGA agus brabúis a shuí, bhraith an Coimisiún ar na sonraí airgeadais is déanaí a bhí ar fáil ón gcuideachta Sylvamo Ltda ([94]). (bliain airgeadais 2021).

3.4.2. *Ríomh an ghnáthluacha*

(111) Ar bhonn an mhéid thuas, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(112) Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta neamhshaofa. In éagmais chomhoibriú na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, bhraith an Coimisiún ar an bhfaisnéis a sholáthair na hiarratasóirí san iarraidh ar athbhreithniú ar úsáid gach toisce (ábhair agus lucht saothair) chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh.

(113) Nuair a suíodh costas neamhshaofa na monaraíochta, chuir an Coimisiún na forchostais mhonaraíochta (lena n-áirítear costais saothair), costais SGA agus brabús i bhfeidhm mar a luaitear in aithrisí (109) agus (110). Socraíodh na forchostais mhonaraíochta bunaithe ar shonraí a sholáthair na hiarratasóirí, agus socraíodh na costais saothair bunaithe ar fhaisnéis a fuarthas ó Instituto Brasileiro de Geografia e Estatística ([95]). Socraíodh costais SGA agus brabús bunaithe ar na luachanna a tuairiscíodh i ráiteas airgeadais na cuideachta Sylvamo Ltda. don bhliain 2021 sa tír ionadaíoch mar a tuairiscíodh i gcuntais iniúchta na cuideachta ([96]). Chuir an Coimisiún na míreanna seo a leanas leis an gcostas neamhshaofa monaraíochta:

— forchostais na monaraíochta (lena n-áirítear costais indíreacha saothair), a raibh 27,33 % den chostas monaraíochta ar an iomlán i gceist leo,

— Costais SGA agus costais eile, arbh é a bhí iontu 9,27 % de Chostais na nEarraí a Díoladh, agus

— brabúis, a raibh 20,02 % de chostas na n-earraí a díoladh i gceist leo.

(114) Ar an mbonn sin, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, agus in éagmais comhoibriú, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh ar leibhéal an táirge faoi athbhreithniú, ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha. Ba é 1 247,15 EUR/tona an gnáthluach a suíodh ar an mbonn sin.

3.5. **An dóchúlacht go leanfar den dumpáil**

(115) Mar a mhínítear in aithris (34) níor chomhoibrigh aon táirgeoir onnmhairiúcháin ón tSín leis an imscrúdú agus b'éigean don Choimisiún dul i muinín na faisnéise staidrimh a bhí ar fáil lena chinneadh an raibh an dóchúlacht ann go leanfar leis an dumpáil.

([94]) Sylvamo 2021-Annual-Report.pdf
([95]) Institiúid Tíreolaíochta agus Staidrimh na Brasaíle
([96]) Sylvamo 2021-Annual-Report.pdf

(116) Ní raibh in allmhairí na Síne isteach san Aontas de réir Eurostat ach 197 tona, nach raibh i gceist leis sin ach 0,008 % den tomhaltas iomlán le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Shuigh an Coimisiún nárbh leor na méideanna ísle sin chun bheith ina mbonn iontaofa leordhóthanach le go ndéanfar chun leanúint d'anailís a dhéanamh ar an dumpáil. Dá bhrí sin, dhírigh an Coimisiún a imscrúdú ar an dóchúlacht go dtarlóidh an dumpáil arís i gcás ina gceadófaí do na bearta dul i léig.

3.6. **An dóchúlacht go dtarlóidh an dumpáil arís**

(117) I gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán agus i bhfianaise na mbreithnithe a leagtar amach in aithrisí (115) agus (116), scrúdaigh an Coimisiún an raibh an dóchúlacht ann go dtarlódh dumpáil arís i gcás ina rachadh na bearta dulta i léig. Ar an gcaoi sin, rinneadh anailís ar na heilimintí seo a leanas: praghas onnmhairiúcháin CFP ón tSín chuig an gcuid eile den domhan chun measúnú a dhéanamh ar iompraíocht onnmhaireoirí na Síne ar mhargaí eile, ar acmhainneacht táirgeachta agus ar acmhainneacht bhreise na Síne, agus ar tharraingteacht mhargadh an Aontais.

3.6.1. *Comparáid idir praghsanna onnmhairiúcháin agus tríú tíortha agus an gnáthluach*

(118) In éagmais comhoibriú ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, d'úsáid an Coimisiún fíorais a bhí ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán chun praghsanna onnmhairiúcháin na Síne chuig tríú tíortha a shuí. Go sonrach, d'úsáid an Coimisiún na sonraí a bhí san iarraidh ar athbhreithniú, atá bunaithe ar Shonraí Svan ([97]).

(119) Maidir le praghsanna onnmhairiúcháin na Síne chuig tríú tíortha seachas chuig an Aontas, mhínigh an t-iarratasóir san iarraidh ar athbhreithniú éaga gur onnmhairíodh onnmhairí an táirge lena mbaineann go príomha faoi chód tráchtearra 4810 19 na Síne, chuir an Coimisiún teorainn, dá bhrí sin, leis an gcomparáid leis an gcód tráchtearra sin agus d'úsáid sé na sonraí sin mar fhíorais a bhí ar fáil.

(120) Chun an meánphraghas onnmhairiúcháin díreach ón monarcha chuig tríú tíortha a chinneadh, d'úsáid an Coimisiún an praghas SAB chuig tríú tíortha dá dtagraítear in aithris (118). Suíodh meánphraghas ualaithe SAB ar leibhéal calafoirt na Síne ag 781,22 EUR/tona. Dhealaigh an Coimisiún costais iompair intíre ón bpraghas sin mar a tuairiscíodh san iarraidh ar athbhreithniú ([98]). Ar an mbonn sin, suíodh an praghas onnmhairiúcháin díreach ón monarcha ag 755,22 EUR/tona.

(121) Chun an difríocht idir an gnáthluach ríofa agus an praghas onnmhairiúcháin díreach ón monarcha a léiriú mar chéatadán den phraghas onnmhairiúcháin CAL chomhfhreagraigh, ríomh an Coimisiún an praghas onnmhairiúcháin ar leibhéal CAL ón tSín chuig tríú tíortha freisin i gcomhréir le modheolaíocht na hiarrata ar athbhreithniú éaga. De réir na modheolaíochta sin, bhí an costas lasta aigéin a cuireadh leis an bpraghas SAB chuig tríú tíortha bunaithe ar phraghsanna 2019 toisc go raibh tionchar ag paindéim COVID-19 ar phraghsanna 2020 agus dá bhrí sin, measadh nach raibh siad ionadaíoch. Ar an mbonn sin, suíodh praghas onnmhairiúcháin ar leibhéal CAL ón tSín chuig tríú tíortha ag 844,22 EUR/tona.

(122) Dá bhrí sin, le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, ba é 58 % an difríocht idir an praghas onnmhairiúcháin díreach ón monarcha agus an gnáthluach mar a ríomhtar i Roinn 3.4.2, arna shloinneadh mar chéatadán den luach CAL comhfhreagrach.

3.6.2. *An acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise i nDaon-Phoblacht na Síne*

(123) Chun anailís a dhéanamh ar an acmhainneacht táirgeachta agus ar an acmhainneacht bhreise sa tSín, in éagmais aon chomhoibrithe ó Rialtas na Síne agus ó aon táirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Síne, agus in éagmais aon sonraí iontaofa eile, bhraith an Coimisiún ar an bhfaisnéis a sholáthair na hiarratasóirí ina n-iarraidh ar athbhreithniú, mar a shonraítear sna haithrisí thíos, maidir le CFP chomh maith leis an tionscal páipéir Brataithe Saor ó Adhmad (CWF), an earnáil i gcoitinne lena mbaineann CFP.

(124) Toisc go raibh fáil níos éasca ar na sonraí ag CWF, d'úsáid na hiarratasóirí iad chun cion CFP na bhfigiúirí táirgthe agus acmhainneachta a ríomh.

([97]) Comhairleacht taighde margaidh is ea sonraí Svan (https://svandata.com/)

([98]) Féach an iarraidh ar athbhreithniú éaga, Iarscríbhinn 28

(125) Ar bhonn na hiarrata ó na hiarratasóirí ([99]), in 2021, ba é thart ar 17.3 milliún tona an t-éileamh domhanda CWF agus ba é thart ar 20.7 milliún tona an acmhainneacht dhomhanda. Ríomh na hiarratasóirí gurbh é thart ar 12.1 milliún tona an t-éileamh domhanda CBI agus gurbh é thart ar 14.5 milliún tona an acmhainneacht.

(126) In 2021, dar leis an iarratasóir, bhí éileamh páipéir CWF an Aontais thart ar 3.2 milliún tona agus bhí acmhainneachtaí páipéir CWF an Aontais thart ar 5 mhilliún tona. Mar a thagraítear in aithrisí (140) agus (154), ríomh an Coimisiún éileamh CFP an Aontais ag thart ar 2.6 milliún tona agus acmhainneacht CFP an Aontais ag díreach os cionn 4 mhilliún tona.

(127) Bhí acmhainneachtaí CWF na Síne in 2021 thart ar 6.8 milliún tona agus ba é 4.7 milliún tona éileamh na Síne. Bhí 4.8 milliún tona i gceist le hacmhainneacht CFP na Síne arna ríomh ag na hiarratasóirí agus bhí thart ar 3.3 milliún tona i gceist leis an éileamh intíre ar an táirge lena mbaineann ([100]).

(128) Dá bhrí sin, bhí acmhainneacht bhreise CFP ag an tSín ([101]) de 0.9 milliún tona ar a laghad agus ró-acmhainneacht ([102]) de thart ar 1.5 milliún tona in 2021, figiúr a fhreagraíonn do thart ar 56 % d'éileamh iomlán CFP an Aontais. Ag féachaint ar CWF ar an iomlán, bhí ró-acmhainneacht na Síne os cionn 2 mhilliún tona in 2021 (níos mó ná 80 % de thomhaltas an Aontais). Níor breathnaíodh aon laghdú ar ró-acmhainneacht (féach aithris (66)). Dá bhrí sin, dá ligfí do na bearta dul in éag, is féidir glacadh leis go bhféadfaí acmhainneacht bhreise níos airde fós a atreorú go héasca ó CWF chuig táirgeadh CFP agus a dhíol ar mhargadh an Aontais.

(129) Ar bhonn an mhéid thuas, ba é conclúid an Choimisiúin go bhfuil acmhainneacht bhreise shuntasach ag táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne a d'fhéadfaidís a úsáid chun níos mó táirgí CFP a tháirgeadh, agus a d'fhéadfaí a onnmhairiú chuig margadh an Aontais dá ndéanfaí bearta a aisghairm. Chinn an Coimisiún freisin go bhféadfadh an acmhainneacht onnmhairiúcháin sin méadú mar thoradh ar an laghdú ionchasach ar éileamh domhanda agus intíre sa tSín, i gcomhréir leis na forbairtí le deich mbliana anuas, mar a thuairiscítear i roinn 5 den iarraidh ar athbhreithniú éaga.

3.6.3. *Tarraingteacht mhargadh an Aontais*

(130) Mar a léirítear in aithrisí (124) go (127), léiríodh san imscrúdú go raibh éileamh an Aontais ar CFP suntasach i gcónaí. Cé gur tháinig laghdú ar thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, is é margadh an Aontais an dara margadh is mó ar domhan i gcónaí (an dara margadh i margadh na Síne) agus thart ar 20 % den tomhaltas domhanda i gceist leis. Ina theannta sin, táthar ag tuar go dtiocfaidh laghdú ar an éileamh intíre sa tSín, rud a thugann le tuiscint go bhfuil dreasacht láidir ann do tháirgeoirí na Síne margaí malartacha a aimsiú a d'fhéadfadh ró-acmhainneacht sin na Síne a ionsú

(131) Ina theannta sin, tá bearta curtha ([103]) i bhfeidhm ag roinnt tíortha maidir le táirgí páipéir i gcoinne na Síne, lena n-áirítear an Chóiré Theas, an India agus SAM, dá dtagraítear san iarraidh ar athbhreithniú éaga.

(132) Ina theannta sin, bunaithe ar fhíorais a bhí ar fáil agus go háirithe ar an iarraidh, shainaithin an Coimisiún 27 dtír inar dhíol onnmhaireoirí na Síne an táirge faoi athbhreithniú le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ar phraghsanna faoi bhun spriocphraghsanna thionscal an Aontais. Bhí thart ar 10 % d'onnmhairí na Síne chuig tríú tíortha maidir le méid i gceist le honnmhairiú na Síne chuig na tíortha sin.

(133) Dá bhrí sin, i bhfianaise na hacmhainneachta suntasaí breise a fuarthas, an acmhainneacht bhreise a d'fhéadfaí a mhéadú trí aistriú go páipéar mín brataithe ó chineálacha eile páipéir, rochtain theoranta tháirgeoirí páipéir mhín bhrataithe na Síne ar mhargaí tábhachtacha tríú tíortha, an phraghais ar a bhféadfadh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne táirge a dhíol ar mhargadh an Aontais, chomh maith leis an laghdú réamh-mheasta ar an tomhaltas intíre sa tSín, is dócha go ndéanfar na hallmhairí dumpáilte a atreorú chuig an Aontas i gcás go ligfí do na bearta dul in éag. Dá bhrí sin, dá ligfí do na bearta dul in éag, is dócha go dtiocfaidh na hallmhairí dumpáilte isteach san Aontas i méideanna níos airde agus ar phraghsanna lena ndéanfaí tearcdhíol ar phraghsanna thionscal an Aontais.

([99]) Féach an iarraidh ar athbhreithniú éaga, Iarscríbhinn 7, Tuarascálacha acmhainneachta agus éilimh CWF RISI.
([100]) Féach an iarraidh ar athbhreithniú éaga, Iarscríbhinn 7, Tuarascálacha acmhainneachta agus éilimh CWF RISI.
([101]) Meastar gurb é atá in acmhainneacht bhreise an difríocht idir acmhainneacht CFP na Síne atá ann cheana, éileamh CFP na Síne agus onnmhairí CFP na Síne ón iarraidh (féach Iarscríbhinn 8, sonraí Svan).
([102]) Meastar gurb é atá i ró-acmhainneacht an difríocht idir acmhainneacht reatha CFP na Síne agus éileamh intíre CFP na Síne.
([103]) Féach Iarscríbhinn 10 a ghabhann leis an iarraidh ó na hiarratasóirí.

(134) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, ba é conclúid an Choimisiúin, dá n-aisghairfí bearta, gur dócha go ndíreofaí na honnmhairí ón Sín ar mhargadh an Aontais.

3.6.4. *Conclúid maidir leis an dóchúlacht go dtarlóidh an dumpáil arís*

(135) I bhfianaise na dtorthaí a luaitear in aithris (122), tacaíonn comparáid idir praghsanna onnmhairiúcháin na Síne chuig tríú tíortha agus an praghas i margadh na tíre ionadaíche go láidir leis an dóchúlacht go dtarlóidh an dumpáil arís.

(136) Ina theannta sin, i bhfianaise na hacmhainneachta táirgeachta suntasaí atá ar fáil sa tSín, mar aon leis an acmhainneacht bhreise agus tarraingteacht onnmhairí mhargadh an Aontais, ba é conclúid an Choimisiúin gur dhócha go mbeadh méadú ar onnmhairiú CFP ón tSín go dtí an tAontas ar phraghsanna dumpáilte mar thoradh ar na bearta a aisghairm.

4. **DÍOBHÁIL**

4.1. **Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeadh an Aontais**

(137) Rinne 17 dtáirgeoir san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Is iad 'tionscal an Aontais' iad de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(138) Suíodh táirgeacht iomlán an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ag timpeall is 3 700 000 tona. Shuigh an Coimisiún an figiúr ar bhonn an fhreagra ar an gceistneoir sonraí maicreacnamaíocha a sholáthair tionscal an Aontais. Mar a léirítear in aithris (14), roghnaíodh trí tháirgeoir de chuid an Aontais sa sampla a bhain 41 % de tháirgeacht iomlán an Aontais maidir leis an táirge comhchosúil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe leo.

4.2. **Tomhaltas an Aontais**

(139) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn an cheistneora sonraí maicreacnamaíocha a sholáthair tionscal an Aontais agus sonraí Eurostat.

(140) Rinneadh tomhaltas an Aontais a fhorbairt mar seo a leanas:

Tábla 2

Tomhaltas an Aontais (tonaí)

	2018	2019	2020	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
Tomhaltas iomlán an Aontais	3 433 636	3 268 584	2 453 924	2 576 925
Innéacs	100	95	71	75

Foinse: *Ceistneoir sonraí maicreacnamaíocha arna sholáthar ag tionscal an Aontais agus sonraí Eurostat*

(141) Tháinig laghdú 5 % ar thomhaltas an Aontais in 2019, agus tháinig laghdú tobann eile de 24 phointe céatadáin air ina dhiaidh sin in 2020, rud a bhain le ráig COVID-19. Tháinig méadú beag 4 phointe céatadáin air in 2021, cé nár leor mórán é sin chun filleadh ar na leibhéil a bhí ann roimh an ngéarchéim, rud ba chúis le laghdú foriomlán 25 % ar thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ag féachaint ar an treocht níos faide, bhí tomhaltas measta an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe 44 % níos ísle ná an tomhaltas a fuarthas le linn na tréimhse imscrúdúcháin san imscrúdú bunaidh (4 572 057 tona). Tagann an laghdú ar thomhaltas an Aontais leis an éileamh ar pháipéir ghrafacha atá ag laghdú go ginearálta, rud atá mar thoradh den chuid is mó ar fhorbairt na meán digiteach atá ag teacht in ionad na meán clóite traidisiúnta.

4.3. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

4.3.1. *Méid agus sciar den mhargadh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann*

(142) Shuigh an Coimisiún méid na n-allmhairí ar bhonn sonraí ó Eurostat. Suíodh an sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí ar bhonn an cheistneora sonraí maicreacnamaíocha a sholáthair tionscal an Aontais agus sonraí Eurostat. Rinneadh sonraí Eurostat a sheiceáil i gcoinne na faisnéise a bhí ar fáil roimhe sin.

(143) Tháinig forbairt ar allmhairí chuig an Aontas ón tír lena mbaineann do na honnmhaireoirí atá faoi réir dleachtanna faoi láthair mar a leanas:

Tábla 3

Méid (tonaí) na n-allmhairí agus an sciar den mhargadh

	2018	2019	2020	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
Méid na n-allmhairí ón tír lena mbaineann (tonaí)	232	242	127	197
Innéacs	100	104	54	85
Sciar den mhargadh	0,007 %	0,007 %	0,005 %	0,008 %
Innéacs	100	109	76	113

Foinse: *Ceistneoir sonraí maicreacnamaíocha arna sholáthar ag tionscal an Aontais agus sonraí Eurostat*

(144) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ba dhiomaibhseach an méid a bhí i gceist leis na hallmhairí isteach san Aontas ón tSín. Go deimhin, ó forchuireadh na bearta in 2011, tá laghdú o leibhéil neamhshuntasacha tagtha ar allmhairí isteach san Aontas ón Sín.

4.3.2. *Praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann*

(145) Mar a léirítear san aithris thuas, de bharr mhéid diomaibhseach na n-allmhairí CFP ón Sín isteach san Aontas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, níor measadh go raibh praghsanna na ndíolachán sin ionadaíoch agus níorbh fhéidir iad a úsáid chun aon chonclúid a dhéanamh maidir le praghsanna allmhairí ón Sín isteach san Aontas agus maidir le hiompraíocht praghsála na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin.

4.4. **Allmhairí ó thríú tíortha nach an tSín iad**

(146) Ba ón gCóiré Theas agus ó Stáit Aontaithe Mheiriceá den chuid is mhó a tháinig allmhairí páipéir mhín bhrataithe ó thríú tíortha seachas an tSín.

(147) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar mhéid (comhiomlánaithe) na n-allmhairí isteach san Aontas chomh maith leis an sciar den mhargadh agus treochtaí praghsanna maidir le hallmhairí CFP ó thríú tíortha eile:

Tábla 4

Allmhairí ó thríú tíortha

	2018	2019	2020	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
Méid (tonaí)	7 500	6 065	35 584	24 398
Innéacs	100	81	474	325
Sciar den mhargadh	0,22 %	0,19 %	1,45 %	0,95 %
Innéacs	100	85	664	433

Meánphraghas (EUR/tona)	832	931	648	685
Innéacs	100	112	78	82

Foinse: *Eurostat*

(148) Cé gur tháinig méadú ar mhéid iomlán na n-allmhairí isteach san Aontas ó thíortha seachas ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhí sé fós ag leibhéal an-íseal, mar a léirítear ina sciar iomlán den mhargadh, a mhéadaigh ó 0,22 % go 0,95 % le linn na tréimhse sin. Bhí meánphraghsanna na n-allmhairí sin níos airde ná meánphraghsanna thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, níor chuir na hallmhairí sin ó thríú tíortha leis an díobháil a bhain don Aontas.

4.5. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.5.1. *Barúlacha ginearálta*

(149) I gcomhréir le hAirteagal 3(5) den bhun-Rialachán, chuimsigh an measúnú ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais meastóireacht ar gach táscaire eacnamaíoch a raibh tionchar aige ar staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(150) Mar a luaitear in aithris (138), úsáideadh sampláil chun staid eacnamaíoch thionscal an Aontais a mheasúnú.

(151) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha bunaithe ar shonraí a bhain le táirgeoirí uile an Aontais, a bhí sa cheistneoir sonraí maicreacnamaíocha a sholáthair tionscal an Aontais. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn sonraí sna freagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais. Seiceáladh an dá thacar sonraí agus fuarthas amach go raibh siad ionadaíoch do staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(152) Is iad seo na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, méid na ndíolachán, an sciar den mhargadh, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh tar éis dumpáil a tharla cheana.

(153) Seo a leanas na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna aonaid, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a thiomsú.

4.5.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

4.5.2.1. Táirgeadh, acmhainn táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(154) Tháinig forbairt ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreithniú mar a leanas:

Tábla 5

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2018	2019	2020	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
Méid táirgeachta (tonaí)	4 968 337	4 582 940	3 300 705	3 703 442
Innéacs	100	92	66	75
Acmhainneacht táirgeachta (tonaí)	5 451 528	5 121 138	4 595 798	4 044 648
Innéacs	100	94	84	74

Úsáid acmhainneachta	91,1 %	89,5 %	71,8 %	91,6 %
Innéacs	100	98	79	100

Foinse: *An ceistneoir sonraí maicreacnamaíocha arna sholáthar ag tionscal an Aontais*

(155) Tháinig laghdú 25 % agus 26 % faoi seach ar an táirgeacht agus ar an acmhainneacht táirgeachta le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Is treocht fhadtéarmach é an laghdú seo ar an táirgeacht agus ar an acmhainneacht táirgeachta a bhaineann le hoiriúnú an tionscail d'éileamh atá ag laghdú a bhaineann le digitiú ár sochaí.

(156) Roimh an tréimhse faoi bhreathnú, bhí iarrachtaí móra athstruchtúraithe déanta cheana ag táirgeoirí an Aontais arbh é ab 'aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar an ró-acmhainneacht struchtúrach mar thoradh ar an digitiú agus leanadh leis na hiarrachtaí sin le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mar thoradh ar dhúnadh muilte áirithe agus ar mhuilte eile a athchóiriú chun táirgí páipéir seachas CFP a tháirgeadh, rinne tionscal an Aontais laghdú thart ar 1 400 000 tona ar a acmhainneacht táirgeachta CFP le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(157) Trína acmhainneacht táirgeachta a laghdú go leanúnach, bhí tionscal an Aontais ábalta a úsáid acmhainneachta a choinneáil réasúnta cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Cé is moite den bhliain 2020, ina raibh an úsáid acmhainneachta níos ísle i gcomparáid leis na blianta roimhe sin agus na blianta ina dhiaidh sin, mar gheall go príomha ar an laghdú ar tháirgeadh i ndiaidh ráig 2020 COVID-19.

(158) Suíodh leis an imscrúdú go bhfuil úsáid ard-acmhainneachta ina toisc thábhachtach in inmharthanacht fhadtéarmach an tionscal páipéir mar gheall ar infheistíochtaí arda i sócmhainní seasta agus an tionchar mar thoradh air sin ar na meánchostais mhonaraíochta.

4.5.2.2. Méid díolacháin agus sciar den mhargadh

(159) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú tháinig forbairt ar an méid díolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh mar a leanas:

Tábla 6

Méid na ndíolachán agus an sciar den mhargadh (tonaí)

	2018	2019	2020	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
Méid iomlán díolachán ar mhargadh an Aontais (tonaí)	3 425 903	3 262 278	2 418 213	2 552 330
Innéacs	100	95	71	75
Sciar den mhargadh	99,8 %	99,8 %	98,5 %	99,0 %
Innéacs	100	100	99	99

Foinse: *Ceistneoir sonraí maicreacnamaíocha arna sholáthar ag tionscal an Aontais agus sonraí Eurostat*

(160) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 25 % ar an méid díolachán i margadh an Aontais. Tháinig laghdú 5 % air idir 2018 agus 2019 agus in 2020, mar gheall ar phaindéim COVID-19, tháinig laghdú géar 24 phointe céatadáin eile ar dhíolacháin. In 2021, bhí teacht aniar beag de 4 phointe céatadáin ann ach ní raibh sé chomh hard leis na leibhéil díolachán a breathnaíodh in 2018. Bhí baint ag na díolacháin a bhí ag laghdú leis an éileamh a bhí ag laghdú ar an táirge lena mbaineann, rud a bhféadfadh digitiú ár sochaí a bheith ag baint leis.

(161) Ós rud é nach raibh aon allmhairí den táirge lena mbaineann le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhí sciar den mhargadh thionscal an Aontais fós cobhsaí ag thart ar 99 %.

4.5.2.3. Fás

(162) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ní fhaca tionscal an Aontais aon fhás ar tháirgeacht ná ar dhíolacháin. A mhalairt ar fad, lean na táscairí eacnamaíocha sin treocht anuas thomhaltas an Aontais go mór.

4.5.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(163) Tháinig forbairt ar an bhfostaíocht agus ar an táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 7

An fhostaíocht agus an táirgiúlacht

	2018	2019	2020	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
An líon fostaithe	6 677	6 405	5 793	5 175
Innéacs	100	96	87	78
Táirgiúlacht (tona/fostaí)	744	716	570	716
Innéacs	100	96	77	96

Foinse: *An ceistneoir sonraí maicreacnamaíocha arna sholáthar ag tionscal an Aontais*

(164) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 22 % ar an líon fostaithe. Bhí an laghdú sin seasmhach agus rialta thar an tréimhse. Tagann sé leis na hiarrachtaí fadtéarmacha athstruchtúraithe arna ndéanamh ag tionscal an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar an ró-acmhainneacht struchtúrach, mar a mhínítear in aithris (156).

(165) Chomh maith leis na laghduithe suntasacha ar an lucht saothair tháinig laghduithe inchomparáide ar an táirgeacht. Mar thoradh air sin, níor taifeadadh ach laghdú beag de 4 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú ar an táirgiúlacht, arna tomhas mar aschur (tonaí) in aghaidh an duine a bhí fostaithe in aghaidh na bliana. In 2020, tháinig laghdú 19 bpointe céatadáin ar an táirgiúlacht mar gheall ar an laghdú tobann ar an éileamh de bharr phaindéim COVID-19. Mar thoradh air sin, shroich an táirgiúlacht a leibhéal ab ísle in 2020.

4.5.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil roimhe sin

(166) Mar a mhínítear in aithris (116), níorbh fhéidir cinneadh dearfach a shuí maidir le méid an chorrlaigh dumpála le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Dá bhrí sin, díríodh an t-imscrúdú ar an dóchúlacht go dtarlóidh an dumpáil arís i gcás ina n-aisghairfí na bearta frithdhumpála.

(167) San athbhreithniú éaga a bhí ann roimhe seo, léirigh tionscal an Aontais go raibh sé ag téarnamh ón tionchar a bhí ag dumpáil san am atá thart. Le linn na tréimhse a breithníodh san imscrúdú reatha ar an athbhreithniú éaga, ní raibh aon chomhartha téarnaimh den sórt sin ann, ós rud é go raibh cás deacair os comhair thionscal an Aontais mar gheall ar an ngá le hathstruchtúrú a dhéanamh mar aon le héifeachtaí diúltacha phaindéim COVID-19.

4.5.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.5.3.1. Praghsanna agus tosca a mbíonn tionchar acu ar phraghsanna

(168) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú is mar a leanas a tháinig forbairt ar mheánphraghsanna ualaithe na ndíolachán aonaid ó tháirgeoirí shampláilte an Aontais chuig custaiméirí san Aontas:

Tábla 8

Praghsanna díola agus costas táirgthe san Aontas (EUR/tona)

	2018	2019	2020	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
Meánphraghas díola aonaid san Aontas	654	667	616	650
Innéacs	100	102	94	99
Costas táirgthe in aghaidh an aonaid	674	662	639	712
Innéacs	100	98	95	106

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais

(169) D'fhan meánphraghas díola aonaid thionscal an Aontais le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas sách cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus níor tháinig ach laghdú 1 % air. I ndiaidh méadú beag de 2 % in 2019, tháinig laghdú 8 bpointe céatadáin ar phraghsanna in 2020, an bhliain a bhain le ráig COVID-19, nuair a tarraingíodh na praghsanna anuas mar gheall ar éileamh ní b'ísle. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, tháinig méadú 5 phointe céatadáin arís ar phraghsanna mar gheall ar mhéadú ar an éileamh.

(170) Tháinig laghdú beag 2 % ar chostas aonaid táirgthe thionscal an Aontais idir 2018 agus 2019. Tharla an laghdú breise 3 phointe céatadáin in 2020 mar gheall ar an laghdú ar phraghsanna amhábhar agus fuinnimh. In 2021, tháinig méadú suntasach ar phraghsanna amhábhar agus fuinnimh, rud ba chúis le méadú 11 phointe céatadáin ar chostais táirgthe, rud a raibh méadú foriomlán 6 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar thoradh air.

4.5.3.2. Costais saothair

(171) Tháinig forbairt ar mheánchostais saothair tháirgeoirí an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 9

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2018	2019	2020	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	72 907	72 704	68 780	76 280
Innéacs	100	100	94	105

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais

(172) Bhí na meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí cobhsaí le linn na tréimhse 2018-2019. Tháinig laghdú 6 % orthu in 2020 i gcomparáid le 2019. Tháinig méadú orthu díreach ina dhiaidh sin, le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, go leibhéal 5 % níos airde ná in 2018.

4.5.3.3. Fardail

(173) Tháinig forbairt ar leibhéil stoic tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 10

Fardail

	2018	2019	2020	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
Stoic dheiridh (tonaí)	151 882	139 168	122 377	107 146
Innéacs	100	92	81	71
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht	3,06 %	3,04 %	3,71 %	2,89 %
Innéacs	100	99	121	95

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais

(174) Tháinig laghdú 29 % ar stoic dheiridh thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tá sé sin ag teacht leis an laghdú ar an táirgeacht agus ar an acmhainneacht táirgeachta.

(175) Maidir le céatadán na táirgeachta, shroich leibhéal na stoc deiridh thart ar 3 % le linn na tréimhse.

4.5.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus cumas caipiteal a ardú

(176) Tháinig forbairt ar an mbrabúsacht, ar shreabhadh airgid, ar infheistíochtaí agus ar an toradh ar infheistíochtaí ag táirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 11

An bhrabúsacht, an sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar infheistíochtaí

	2018	2019	2020	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhghaolmhara (% de láimhdeachas na ndíolachán)	- 3,6 %	- 0,8 %	- 5,6 %	- 9,5 %
Innéacs	- 100	- 24	- 158	- 267
An sreabhadh airgid (EUR)	53 230 728	116 531 955	68 541 389	30 295 619
Innéacs	100	219	129	57
Infheistíochtaí (EUR)	21 327 970	39 328 573	20 843 097	32 601 304
Innéacs	100	184	98	153
Toradh ar infheistíochtaí	- 7,2 %	- 1,7 %	- 8,7 %	- 24,5 %
Innéacs	- 100	- 23	- 122	- 341

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais

(177) Shuigh an Coimisiún brabúsacht tháirgeoirí sampláilte an Aontais trí ghlanbhrabús roimh cháin díolacháin an táirge chomhchosúil i gcás custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin. Bhí tionscal an Aontais ag déanamh caillteanais le linn na tréimhse ar fad. Mar thagairt, tugtar faoi deara gur suíodh an spriocbhrabús don tionscal ag 8 % san imscrúdú bunaidh ([104]). Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú ar bhrabúsacht thionscal an Aontais ó -3,6 % go -9,5 %. Ba í 2019 an bhliain ab fhearr, i gcomparáid leis sin, nuair a shroich brabúsacht thionscal an Aontais -0,8 %, mar gheall ar mheascán de chostas táirgthe ní b'ísle agus praghsanna díolacháin láidre. In 2020, tháinig laghdú géar ar bhrabúsacht go leibhéal -5,6 %, agus laghdaigh sí thairis sin le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe go -9,5 %.

(178) Is ionann an sreabhadh airgid glan agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhí an sreabhadh airgid dearfach agus bhí an treocht ag teacht den chuid ba mhó le héabhlóid na brabúsachta, agus 2019 ar an mbliain ab fhearr.

(179) I bhfianaise an éilimh a bhí ag laghdú ar CFP san Aontas agus thar lear araon le linn na tréimhse faoi bhreathnú, níor infheistigh tionscal an Aontais in acmhainn nua. Díríodh na hinfheistíochtaí a rinneadh ar chothabháil, ar athsholáthar caipitil, ar éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, agus ar bhearta a dhírítear ar chaighdeáin chosanta comhshaoil a athstruchtúrú agus a chomhlíonadh.

(180) Is é an toradh ar infheistíochtaí an brabús i gcéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. D'fhorbair sé ar an dóigh chéanna leis an mbrabús le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(181) I bhfianaise chostas an fhiachais atá ann cheana, bhrabúsacht thionscal an Aontais agus an éilimh ar CFP atá ag laghdú i gcónaí, bhí cumas thionscal an Aontais caipiteal a thiomsú teoranta i gcónaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.6. **Conclúid faoi dhíobháil**

(182) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, léiríodh léargas diúltach leis na táscairí díobhála. Bhí an acmhainneacht táirgeachta agus an táirgeadh ag laghdú, bhí díolacháin ag laghdú, agus bhí an fhostaíocht ag laghdú. Bhí an brabús agus an toradh ar infheistíocht diúltach le linn na tréimhse iomláine lena mbaineann, agus ba iad 2020 agus 2021 na blianta ba mheasa den tréimhse.

(183) Bhí na treochtaí diúltacha i méideanna táirgeachta agus díolacháin mar thoradh ar an éileamh ar CFP a bhí ag laghdú san Aontas agus thar lear i gcónaí, arbh éigean do thionscal an Aontais leanúint den athstruchtúrú mar gheall air, lena n-áirítear muilte páipéir a dhúnadh agus muilte eile a athchóiriú chun cineálacha eile páipéir a tháirgeadh.

(184) Meastar go dtiocfaidh laghdú ar an éileamh ar CFP amach anseo agus beidh deacrachtaí ag tionscal an Aontais fós, agus tuilleadh laghduithe ar an acmhainneacht táirgeachta agus ar an táirgeacht.

(185) Áirithíodh cosaint do thionscal an Aontais leis na bearta a bhí i bhfeidhm, rud a chuir ar a chumas dó sciar ard den mhargadh a choinneáil le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ní raibh tionscal an Aontais ábalta praghsanna CFP a ardú go leor, áfach, os cionn na leibhéal cumhdaigh costas chun brabús a ghiniúint. Tharla sé sin in 2018-2019 mar gheall ar phraghsanna amhábhar (go háirithe laíon) a bhí ag ardú agus mar gheall ar an deacracht praghsanna a bhí ag méadú a chur ar aghaidh chuig custaiméirí thionscal an Aontais. In 2020, bhuail an laghdú ar éileamh agus ar phraghsanna a bhain le paindéim COVID-19 tionscal an Aontais, laghdú lenar taifeadadh caillteanais shuntasacha. Bhí méadú ar phraghsanna amhábhar agus fuinnimh ina thréith in 2021, rud ba chúis le méadú 11 % ar na costais táirgthe agus le tuilleadh meatha ar na bunlínte. Ina theannta sin, le linn na tréimhse iomláine faoi bhreathnú, b'éigean do thionscal an Aontais a chuid gníomhaíochtaí a athstruchtúrú agus tháinig laghdú 26 % ar an acmhainneacht táirgeachta le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Bhí costas breise i gceist leis sin.

(186) Ar bhonn an mhéid thuas, mheas an Coimisiún sa deireadh gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Mar sin féin, ní fhéadfadh sé gurbh iad na hallmhairí dumpáilte ón Sín ba chúis leis an díobháil do thionscal an Aontais a breathnaíodh le linn na tréimhse sin de bharr a méid an-teoranta. Ba é ba chúis leis go príomha an t-éileamh ar CFP a bhí ag laghdú agus na costais arda athstruchtúraithe ghaolmhara, a raibh tionchar suntasach ag an dá rud ar bhrabúsacht thionscal an Aontais.

([104]) Aithris 158 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 451/2011.

5. AN DÓCHÚLACHT GO dTARLÓIDH AN DÍOBHÁIL ARÍS

(187) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithris (186) gur bhain díobháil ábhartha don tionscal de chuid an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithris (186) nárbh fhéidir gurbh iad na hallmhairí dumpáilte ón Sín ba chúis leis an díobháil do thionscal an Aontais a breathnaíodh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, mar gheall ar mhéid na n-allmhairí sin a bheith an-teoranta. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún measúnú, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán, ar an mbeadh dóchúlacht ann go dtarlódh díobháil arís arbh iad na hallmhairí dumpáilte ón Sín ba chúis léi ar an gcéad dul síos dá ligfí do na bearta reatha dul in éag.

(188) Mar a luaitear in aithris (130) is é margadh an Aontais an dara margadh CFP is mó ar domhan. Go deimhin, mar gheall ar a mhéid foriomlán agus go bhfuil ceannaitheoirí móra CFP ann, tá sé an-tarraingteach do tháirgeoirí CFP na Síne, toisc go gcuirfí ar a gcumas le seachadtaí móra den sórt sin a n-acmhainneacht táirgeachta breise a úsáid, rud a laghdódh a gcostais táirgthe aonaid ina dhiaidh sin. Dá réir sin, dá n-aisghairfí bearta, i bhfianaise na dtairbhí eacnamaíocha a bhaineann le hacmhainneacht táirgeachta breise a úsáid sa tSín, is dócha go dtairgfeadh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne CFP ar phraghsanna dumpáilte i margadh an Aontais, rud a chuirfeadh brú ar phraghsanna agus ar bhrabúsacht thionscal an Aontais.

(189) Rinne an Coimisiún anailís freisin ar iompraíocht praghsála tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne ar mhargaí tríú tíortha chun na héifeachtaí praghais ar thionscal an Aontais a chinneadh i gcás ina ligfí do na bearta dul i léig.

(190) De cheal comhoibriú ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, d'úsáid an Coimisiún na fíorais a bhí ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán chun praghsanna onnmhairiúcháin na Síne chuig tríú tíortha a shuí. Chun na críche sin, baineadh úsáid as na sonraí a bhí san iarraidh ar athbhreithniú, bunaithe ar Shonraí Svan ([105]), agus, ar chúiseanna a mhínítear in aithris(119), go háirithe sonraí onnmhairiúcháin na Síne a bhaineann le cód tráchtearraí 4810 19.

(191) Ar mhaithe le comparáid a dhéanamh, shuigh an Coimisiún na praghsanna seo a leanas:

— an meánphraghas díola ualaithe i dtionscal an Aontais, praghas a gearradh ar chustaiméirí neamhghaolmhara san Aontas, arna choigeartú de réir leibhéal an phraghais díreach ón monarcha: 661 EUR/tona ([106]),

— spriocphraghas an Aontais: 774 EUR/tona ([107]), agus

— San iarraidh lena gcumhdaítear an tréimhse chéanna le tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, thuairiscigh an t-iarratasóir praghsanna onnmhairiúcháin na Síne, inar coigeartaíodh costais lasta aigéin ([108]), chun teacht ar phraghas dóchúil i dtaca le táirgí a thabhairt isteach san Aontais ([109]).

(192) Ar an gcéad dul síos, rinne an Coimisiún comparáid idir an meánphraghas díola ualaithe i dtionscal an Aontais a gearradh ar chustaiméirí neamhghaolmhara san Aontas, arna choigeartú de réir leibhéal an phraghais díreach ón monarcha, agus praghsanna onnmhairiúcháin na Síne chuig tríú tíortha seachas an tAontas, arna gcoigeartú de réir phraghas tugtha i dtír an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Léiríodh sa chomparáid praghsanna bunaithe ar na sonraí a suíodh in aithris (191) go raibh praghsanna onnmhairiúcháin chuig 8 dtríú tír faoi bhun phraghsanna thionscal an Aontais. Bhí thart ar 1 % d'onnmhairí na Síne i dtéarmaí méid i gceist leis na honnmhairí sin. Is mar gheall ar phraghsanna ísle CFP san Aontas atá an céatadán beag sin.

(193) Ar an dara dul síos, rinne an Coimisiún anailís freisin an ndearnadh tionscal an Aontais a thearcdhíol le praghsanna onnmhairiúcháin ualaithe na Síne chuig tríú tíortha seachas an tAontas, arna gcoigeartú de réir phraghas tugtha i dtír thionscal an Aontais, nuair a chuirtear i gcomparáid le spriocphraghas thionscal an Aontais é le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. I bhfianaise na heaspa comhoibrithe ó onnmhaireoirí na Síne, shuigh an Coimisiún a anailís ar shonraí san iarraidh ar athbhreithniú éaga. Sainaithníodh san anailís 27 dtríú tír inar dhíol táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne an táirge lena mbaineann le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ar phraghsanna faoi bhun spriocphraghas thionscal an Aontais. Bhí thart ar 10 % d'onnmhairí iomlán na Síne chuig tríú tíortha eile maidir le méid i gceist le honnmhairiú na Síne chuig na tíortha sin. Ina theannta sin, mar a léirítear in aithris (131), tá margaí móra tríú tíortha athshealbhaithe d'onnmhairí ón tSín mar gheall ar na dleachtanna atá i bhfeidhm ina leith.

([105]) Comhairleacht taighde margaidh is ea sonraí Svan (https://svandata.com/)

([106]) Ar bhonn sonraí ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

([107]) Ar bhonn Ibid. Is iad costais táirgthe tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais ar cuireadh an spriocbhrabús leo.

([108]) Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, bhí na costais lasta níos airde fós ná mar is gnách. Dá réir sin, d'úsáid an Coimisiún costais lasta 2019 chun na praghsanna teoiriciúla Síneacha a ríomh, praghsanna i dtaca le táirgí a thabhairt isteach san Aontas. I gcomhréir leis na sonraí ón iarraidh ar athbhreithniú éaga (Iarscríbhinn 28), ba é a bhí sna costais lasta ón tSín chuig an Aontas in 2019 63 EUR in aghaidh an tona ar an meán agus ba é a bhí sa chostas láimhseála custaim 8 EUR in aghaidh an tona.

([109]) Sonraí ón iarraidh. Ríomhadh praghas tugtha i dtír an Aontais mar phraghsanna SAB na Síne ar cuireadh costais láimhseála lasta aigéin agus custaim leo.

(194) Mar fhocal scoir, léiríodh san anailís – ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil - go raibh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne ábalta díol ar phraghsanna faoi bhun spriocphraghas an Aontais. I bhfianaise na hacmhainneachta breise suntasaí atá ar fáil sa tSín, tugadh faoi deara freisin go bhféadfaí méideanna móra CFP a tháirgeadh lena ndíol ar mhargadh an Aontais. Dá bhrí sin, ba é conclúid an Choimisiúin, dá ligfí do na bearta dul in éag, go mbeadh onnmhaireoirí na Síne ábalta brú suntasach praghsanna a fheidhmiú agus, dá bhrí sin, bheadh siad ábalta díobháil a dhéanamh do thionscal an Aontais.

(195) Léiríodh san imscrúdú freisin (féach aithrisí (182)-(186)), go ndearnadh díobháil do thionscal an Aontais agus go raibh sé leochaileach. Tugadh faoi deara freisin go bhfuiltear ag athstruchtúrú an tionscail faoi láthair mar a léirítear sa laghdú ar an acmhainneacht táirgeachta le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus rinne roinnt cuideachtaí a gcuid dá línte táirgeachta a athchóiriú chun cineálacha eile páipéir a tháirgeadh.

(196) Deimhníodh leis an imscrúdú freisin torthaí an imscrúdaithe bunaidh go bhfuil úsáid ard-acmhainneachta ina toisc thábhachtach maidir le hinmharthanacht fhadtéarmach na dtáirgeoirí páipéir toisc go bhfuil an próiseas táirgthe dian ar chaipiteal. Bhainfí an sreabhadh airgid thirim is gá chun iarrachtaí athstruchtúraithe a mhaoiniú chun oiriúnú d'éileamh domhanda ar CFP atá ag laghdú de thionscal an Aontais dá gcuirfí tús arís le hallmhairí dumpáilte agus leis an mbrú ar phraghsanna mar thoradh air sin. Bhainfeadh sé an bonn freisin de na héifeachtaí dearfacha a bhí mar thoradh ar na hiarrachtaí athstruchtúraithe san am atá thart agus dhéanfaí na táscairí díobhála go léir a mheath níos mó mar thoradh air.

(197) Dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid gur dócha go dtiocfadh méadú mór ar allmhairí dumpáilte ón tSín ar phraghsanna díobhálacha mar thoradh ar easpa na mbeart agus gur dócha go dtarlódh díobháil ábhartha arís.

6. **LEAS AN AONTAIS**

(198) I gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún cé acu a bheadh sé nó nach mbeadh sé in aghaidh leas an Aontais ina iomláine dá gcoinneofaí na bearta frithdhumpála reatha ar bun. Rinneadh cinneadh maidir le leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla lena mbaineann, lena n-áirítear tionscal an Aontais, allmhaireoirí neamhghaolmhara, trádálaithe agus úsáideoirí.

6.1. **Leas thionscal an Aontais**

(199) Fuarthas san imscrúdú go ndearnadh díobháil do thionscal an Aontais agus go raibh sé i staid leochaileach. Leis na dúshláin atá á gcruthú leis an éileamh ar CFP atá ag laghdú i gcónaí, éileofar pleananna athstruchtúraithe leanúnacha, lena n-áirítear muilte páipéir a dhúnadh agus muilte eile a athchóiriú chun cineálacha eile páipéir a tháirgeadh.

(200) Faoin mbrú praghsanna ó allmhairí dumpáilte ón Sín, ní bheadh tionscal an Aontais ábalta praghsanna CFP a fháil os cionn na leibhéal cumhdaigh costais agus an t-ioncam is gá a ghiniúint chun a chuid iarrachtaí athstruchtúraithe a mhaoiniú agus chun na dúshláin a chruthaítear leis an éileamh ar CFP atá ag laghdú i gcónaí a choigeartú.

(201) Ar an mbonn sin, ba é conclúid an Choimisiúin go mbeadh sé chun leas thionscal an Aontais leanúint leis na bearta frithdhumpála atá i bhfeidhm.

6.2. **Leas allmhaireoirí agus trádálaithe neamhghaolmhara**

(202) Ní raibh aon chomhoibriú ó allmhaireoirí ná ó thrádálaithe neamhghaolmhara. Ós rud é nach raibh aon allmhairí CFP ón Sín ann beagnach le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ba é conclúid an Choimisiúin nach ionann allmhairí an táirge lena mbaineann agus mórchuid de ghníomhaíochtaí gnó na n-allmhaireoirí agus na dtrádálaithe neamhghaolmhara agus nach raibh aon tosca ann lenar dtugadh le tuiscint go ndéanfaí difear díréireach dóibh dá gcoinneofaí bearta ar bun.

6.3. **Leas na n-úsáideoirí**

(203) Níor chomhoibrigh aon úsáideoir aonair agus ní chuir siad freagra ar an gceistneoir isteach.

(204) Fuair an Coimisiún dhá aighneacht i scríbhinn, ceann amháin ó Unitedprint.com, úsáideoir CFP de chuid an Aontais agus ceann eile ó chomhlachas de chuid an tionscail clódóireachta, Intergraf ([110]) (le tacaíocht ó The Royal Dutch Association of Printing and Allied Industries).

(205) Míníodh san aighneacht ó Intergraf go raibh deacracht ag tionscal clódóireachta an Aontais mar gheall ar na meáin dhigiteacha a bheith á gcur in ionad na meán páipéir, agus mar gheall ar allmhairí ollmhóra táirgí priontála, go háirithe ón Sín. De réir Intergraf, baineann bearta frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais an bonn d'iomaíochas chlódóirí an Aontais, rud nach bhfuil faoi chosaint faoi bhearta trádála comhchosúla agus nach mór dianchaighdeáin chomhshaoil a urramú.

(206) Mhaígh Intergraf go n-onnmhairítear níos mó ná EUR 700 milliún de pháipéar priontáilte ón tSín chuig an Aontas gach bliain. Áirítear leis sin réimse mór táirgí priontála nach bhfuil priontáilte ar CFP. Ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil, ní fhéadfadh an Coimisiún a mheasúnú cad é an chuid de na táirgí a allmhairíodh ón Sín a priontáladh ar CFP agus cad é a priontáladh ar chineálacha eile páipéir.

(207) Fuarthas san imscrúdú bunaidh go bhfuil formhór na dtáirgí a phriontáiltear ar CFP ina dtáirgí atá 'íogair ó thaobh ama de', amhail irisí, bróisiúir, post díreach agus iatáin nach bhfuil chomh sé chomh dóchúla go ndéanfaí iad a allmhairiú ón Sín mar gheall ar an am a theastaíonn don iompar. Deimhníodh leis an bhfaisnéis a chuir an t-iarratasóir isteach san athbhreithniú seo go raibh torthaí an imscrúdaithe bunaidh fós bailí.

(208) Dá réir sin, ba é conclúid an Choimisiúin, cé gur dócha go ndéanfar roinnt ábhar priontála a phriontáil ar CFP lasmuigh den Aontas mar gheall ar dhleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh, go bhfuil a dtionchar ar staid eacnamaíoch thionscal clódóireachta an Aontais teoranta.

(209) Tharraing Intergraf aird freisin ar ghanntanas na soláthairtí CFP agus ar an méadú mór ar phraghsanna, go háirithe ó lár 2021. Sonraíodh é sin san aighneacht ó Unitedprint.com freisin. Leis an bhfaisnéis a soláthraíodh, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún méideanna an tsoláthair agus an éilimh faoi seach, agus dá bhrí sin an mhíchothromaíocht mhargaidh a líomhnaítear, a mheasúnú. Níorbh fhéidir leis an gCoimisiún a mheas ach oiread an bhféadfaí an méadú praghais a luaitear a chur ar aghaidh chuig a gcustaiméirí nó nach bhféadfaí. Thug an Coimisiún dá aire freisin, in 2021, i gcomhthéacs iar-COVID-19, go raibh ganntanais ar roinnt margaí amhábhar.

6.4. **Conclúid maidir le leas an Aontais**

(210) Ar bhonn an mhéid thuas, ba é conclúid an Choimisiúin nach raibh aon chúis an-mhaith ann lena rá nach raibh sé chun leas an Aontais na bearta atá ann cheana ar allmhairí CFP de thionscnamh na Síne a choinneáil ar bun.

7. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA**

(211) Ar bhonn na gconclúidí ón gCoimisiún maidir le tús a chur arís le dumpáil, tús a chur arís le díobháil agus leas an Aontais, ba cheart na bearta frithdhumpála maidir le CFP ón tSín a choinneáil ar bun.

(212) Chun na rioscaí teacht timpeall de bharr na difríochta i rátaí dleachta a íoslaghdú, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna aonair frithdhumpála a áirithiú. Ní mór do na cuideachtaí a bhfuil dleachtanna frithdhumpála aonair acu sonrasc tráchtála bailí a thíolacadh d'údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den rialachán sin. Ba cheart d'allmhairí nach mbíonn sonrasc ag gabháil leo a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le 'gach cuideachta eile'.

(213) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na rátaí aonair dleachta frithdhumpála a chur i bhfeidhm ar allmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc dóibh a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den rialachán seo, ní mór d'údaráis chustaim na mBallstát a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

([110]) Léiríonn Intergraf 21 chónaidhm náisiúnta clódóireachta. Is úsáideoirí CFP iad na printéirí Eorpacha a ndéanann Intergraf ionadaíocht dóibh agus d'fhéadfadh siad a bheith ina n-allmhaireoirí CFP ón tSín.

(214) Má thagann méadú suntasach ar mhéid na n-onnmhairí ag ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na rátaí dleachta aonair níos ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gur athrú ann féin é méadú den sórt sin ar an bpatrún trádála de bharr forchur beart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar scrúdú a dhéanamh san imscrúdú sin, *inter alia*, ar an ngá atá leis an ráta nó na rátaí dleachta aonair a bhaint agus ar an ngá le dleacht ar fud na tíre a fhorchur dá bharr sin.

(215) Na rátaí dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, tá siad infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú ar de thionscnamh na Síne é arna tháirgeadh ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach sa chuid oibriúcháin den Rialachán seo, lena n-áirítear eintitis a bhaineann leo siúd a luaitear go sonrach, ba cheart go mbeadh siad faoi réir an ráta dleachta is infheidhme maidir le 'gach cuideachta eile'. Níor cheart go mbeadh siad faoi réir aon cheann de na rátaí aonair maidir le dleacht frithdhumpála.

(216) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfear na rátaí aonair sin maidir le dleacht frithdhumpála i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin ([111]). Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh ionas gur féidir a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi. Más amhlaidh nach ndéantar difear leis an athrú ar ainm na cuideachta do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán maidir leis an athrú ainm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(217) Cuireadh gach páirtí leasmhar ar an eolas faoi na fíorais bhunriachtanacha agus na breithnithe bunriachtanacha ar ar a mbonn sin a bhí sé beartaithe a mholadh go gcoinneofaí na bearta atá ann cheana ar bun. Tugadh tréimhse dóibh freisin lena bhféadfaidís uiríll a dhéanamh tar éis an nochta sin.

(218) Fuair an Coimisiún aighneacht ó thionscal an Aontais a thug bunús breise do thorthaí an Choimisiúin go raibh na táirgeoirí onnmhairiúcháin Síneacha in ann díol ar phraghsanna faoi bhun spriocphraghas an Aontais. Dá bhrí sin, measadh nár ghá téacs an Rialacháin seo a leasú.

(219) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([112]), nuair a bheidh méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is é an t-ús is ceart a íoc an ráta a chuirfeadh an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin, mar a bheidh foilsithe i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá féilire de gach mí.

(220) Na bearta dá bhforáiltear sa rialachán seo, tá siad i gcomhréir le tuairim an Choiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí páipéir mhín bhrataithe, ar páipéar nó páipéarchlár é atá brataithe ar thaobh amháin nó ar an dá thaobh (gan craftpháipéar nó craft-pháipéarchlár a áireamh), ar leatháin nó ar rollaí, agus ag a bhfuil meáchan 70 g/m2 nó níos mó ach nach mó ná 400 g/m2 agus gile níos mó ná 84 (arna thomhas de réir ISO 2470-1), atá faoi láthair faoi chóid AC ex 4810 13 00, ex 4810 14 00, ex 4810 19 00, ex 4810 22 00, ex 4810 29 30, ex 4810 29 80, ex 4810 99 10 agus ex 4810 99 80 (cóid TARIC 4810 13 00 20, 4810 14 00 20, 4810 19 00 20, 4810 22 00 20, 4810 29 30 20, 4810 29 80 20, 4810 99 10 20 agus 4810 99 80 20) agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad.

([111]) An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Trádála, Stiúrthóireacht G, Rue de la Loi 170, 1040 An Bhruiséil, an Bheilg.

([112]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

Ní bhaineann an dleacht frithdhumpála chinntitheach le rollaí atá oiriúnach lena n-úsáid i gclóphreasanna spólchothaithe. Déantar rollaí atá oiriúnach lena n-úsáid i gclóphreasanna spólchothaithe a shainmhíniú mar na rollaí sin, má dhéantar tástáil orthu de réir chaighdeán tástála ISO 3783:2006 maidir le friotaíocht le piocadh a chinneadh — modh luais luathaithe ag baint úsáid as an tástálaí IGT (samhail leictreach), lena dtugtar toradh níos lú ná 30 N/m nuair atá sé á thomhas i dtrastreo an pháipéir (CD) agus toradh níos lú ná 50 N/m nuair atá sé á thomhas i dtreo an mheaisín (MD). Ní bhaineann an dleacht frithdhumpála chinntitheach le páipéar ilsrathach ná le cairtchlár ilsrathach.

2. Is mar a leanas a bheidh na rátaí maidir le dleacht frithdhumpála chinntitheach is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála (%)	Cód breise TARIC
Gold East Paper (Jiangsu) Co., Ltd, Cathair Zhenjiang, Cúige Jiangsu, Daon-Phoblacht na Síne; Gold Huasheng Paper (Páirc Thionsclaíoch Suzhou) Co., Ltd, Cathair Suzhou, Cúige Jiangsu, Daon-Phoblacht na Síne	8	B001
Shangdong Chenming Paper Holdings Limited, Cathair Shouguang, Cúige Jiangsu , Daon-Phoblacht na Síne; Shouguang Chenming Art Paper Co., Ltd, Cathair Shouguang, Cúige Shandong, Daon-Phoblacht na Síne	35,1	B013
Gach cuideachta eile	27,1	B999

3. Beidh cur i bhfeidhm na rátaí dleachta aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: *'Deimhnímse, a bhfuil mo shíniú thíos, go ndearna (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) (méid) den (táirge faoi athbhreithniú), a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach, rud a chumhdaítear leis an sonrasc seo, a mhonarú sa [tír lena mbaineann]. Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis a chuir mé sa sonrasc seo iomlán agus ceart.'* Mura gcuirtear an sonrasc sin isteach, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach cuideachta eile.

4. I gcás ina ndéanfar na dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha a fhorchuirtear le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1647 ([113]) a mhodhnú nó a bhaint, méadófar na dleachtanna a shonraítear i mír 2 den chion céanna atá teoranta don chorrlach dumpála iarbhír a gheofar nó don chorrlach díobhála a aimseofar de réir cuideachta agus ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

I gcásanna inar baineadh an dleacht frithchúitimh ón dleacht frithdhumpála i gcás táirgeoirí onnmhairiúcháin áirithe, cuirfear tús freisin le hiarrataí aisíocaíochta faoi Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2016/1037 chun measúnú a dhéanamh ar an gcorrlach dumpála don táirgeoir onnmhairiúcháin sin atá i réim le linn na tréimhse imscrúdaithe aisíocaíochta. Ní bheidh an méid a aisíocfar leis an iarratasóir ar aisíocaíocht níos mó ná an difríocht idir an dleacht a bailíodh agus an dleacht frithchúitimh agus frithdhumpála le chéile a suíodh san imscrúdú aisíocaíochta.

5. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm ag na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([113]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1647 ón gCoimisiún an 21 Lúnasa 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí páipéir mhín bhrataithe áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (féach leathanach 1 den Iris Oifigiúil seo).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Lúnasa 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN